



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
JEAN RICHARD DE LA TOUR
arna tabhairt an 7 Bealtaine 2024¹

Cás C-4/23 [Mirin]ⁱ

M.-A.A.

v

**Direcția de Evidență a Persoanelor Cluj, Serviciul stare civilă
 Direcția pentru Evidența Persoanelor și Administrarea Bazelor de Date din Ministerul
 Afacerilor Interne,
 Municipiul Cluj-Napoca,
 Idiragraithe
 Asociația Accept,
 Consiliul Național pentru Combaterea Discriminării**

(iarraidh ar réamhrialú ó Judecătoria Sectorului 6 București (Cúirt Chéadchéime an Séú Ceantar de Bhúcairist, an Rómáin))

(Tarchur chun réamhrialú – Saoránacht an Aontais – Airteagal 21(1) CFAE – An ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de na Ballstáit – Náisiúnach a bhfuil cónaí air sa Ríocht Aontaithe agus náisiúntacht an Stáit sin agus Bhallstáit aige – Diúltú ag údaráis an dara Stát sin athruithe céadainm agus inscne a fuarthas go dlíthiúil sa chéad Stát a iontráil ina theastas breithe – Reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear doiciméad sibhialta a leasú ar bhonn cinneadh breithiúnach críochnaitheach – Tionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas)

I. Réamhrá

1. Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 2 CAE, Airteagail 18, 20 agus 21 CFAE, agus Airteagail 1, 7, 20, 21 agus 45 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.²

¹ Bunteanga: an Fhraincis.

¹ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní thagraítear leis d'fhóiraim aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí.

² An 'Chairt'.

2. Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir náisiúnach Rómánach agus údaráis náisiúnta an Bhallstáit sin, atá freagrach as na cláir stádais sibhialta a choimeád agus an uimhir aitheantais phearsanta a bhainistiú,³ mar thoradh ar a ndiúltú ainm agus féiniúlacht inscne nua an duine sin⁴ a fuarthas⁵ sa Ríocht Aontaithe, a bhfuil sé ina náisiúnach de freisin, a aithint agus a iontráil ina theastas breithe.

3. Leis an gcás seo, tugtar deis don Chúirt soiléiriú a dhéanamh ar bhrí a cinntí maidir le haitheantas a thabhairt do stádas sibhialta na saoránach, bunaithe ar Airteagal 21 CFAE, laistigh d’inniúlacht na mBallstát maidir le stádas sibhialta agus stádas daoine.

II. An dlí lena mbaineann

A. An Comhaontú um Tharraingt Siar

4. Foráiltear sa cheathrú agus san ochtú fomhír den bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,⁶ arna ghlacadh an 17 Deireadh Fómhair 2019, agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, a formheasadh le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020⁷:

‘Á mheabhrú dóibh, de bhun Airteagal 50 CAE, i gcomhar le hAirteagal 106a de Chonradh Euratom, agus faoi réir na socruithe a leagtar síos sa Chomhaontú seo, go scoirfidh dlí uile an Aontais agus Euratom d’fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm,

[...]

Ós rud é go bhfuil sé ar leas an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon idirthréimhse nó tréimhse cur chun feidhme a chinneadh inar cheart [...] ba cheart dlí an Aontais, lena n-áirítear comhaontuithe idirnáisiúnta, a bheith infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht

³ Áirítear leis sin an Direcția de Evidență a Persoanelor Cluj, Serviciul stare civilă (oifig chlárann sibhialta na Stiúirthóireachta um Thairfid Phearsanta, Cluj, an Rómáin) (‘oifig chlárann sibhialta Cluj’), an Direcția pentru Evidență Persoanelor și Administrarea Bazelor de Date din Ministerul Afacerilor Interne (an Stiúirthóireacht atá freagrach as an taifead pearsanta a choimeád agus bunachair sonraí na hAireachta Gnóthaí Baile a bhainistiú sa Rómáin) agus an Municipiul Cluj-Napoca (bardas Cluj-Napoca, an Rómáin).

⁴ Ba mhaith liom a chur in iúl nach mbaineann ábhar na n-imeachtaí le ceartú a dhéanamh ar na sonraí inscne atá ar an teastas breithe, ach dearbhú féiniúlachta inscne a iontráil sa teastas sin, is é sin le rá, dearbhú an chreidimh go mbaineann sé le hinscne eile seachas an inscne a sannadh air tráth a breithe, agus arna chruthú le teastas. Is éard atá i gceist leis sin gur cheart idirdhealú a dhéanamh maidir le stádas sibhialta idir ‘tagairt mhoirfeolaíoch agus dearcadh siceasóisialta’ (féach Gallus, N., ‘L’enregistrement du nouveau sexe de la personne transgenre – L’évolution en droit belge: entre l’exigence du respect de la vie privée et la sécurité juridique de l’organisation de l’état civil’, *Revue trimestrielle des droits de l’homme*, Uimh. 133, Nemesis, an Bhruiséil, 2023, lgh. 267 go 264, go háirithe lch. 252). Féach, ina theannta sin, tuarascáil ó Ard-Stiúirthóireacht um ‘Cheartas agus Tomhaltóir’ de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, dar teideal ‘Legal gender recognition in the EU: the journeys of trans people towards full equality’, Meitheamh 2020, mír 1.6.3, lgh. 27 agus 28. Féach freisin, Moron-Puech, B., ‘Regards comparatistes sur la mention du sexe à l’état civil pour les personnes transgenres et intersexuées’, in Courduriès, J., Dourlens, C., agus Hérault, L., *État civil et transidentité – Anatomie d’une relation singulière: genre, identité, filiation*, Presses universitaires de Provence, Aix-en-Provence, 2021, lgh. 211 go 249, go háirithe lgh. 214 go 217. Leagtar amach gluais thrítheangach (Béarla, Fraincis agus Gearmáinis) in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil ón gCumann Idirnáisiúnta na Leispiach, na nDaoine Aeracha, na nDéghnéasach, na dTrasinscneach agus na nDirghnéasach (ILGA), Eoraip, dar teideal ‘Report on “transsexuality and international private law”’, ar fáil ag: https://transsexualia.org/wp-content/uploads/2015/03/Legal_ilgalaw.pdf. Féach, le haghaidh gluais eile i bhFraincis nó i mBéarla, gluais ón gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe, (ECRI), ó Chomhairle na hEorpa.

⁵ Molaim don Chúirt Bheithiúnais an téarma sin a úsáid ós rud é go dtugann sé le fios an coincheap de bheith mar shealbhóir ar cheart nó mar thairbhí de stádas nua.

⁶ IO 2020 L 29, lch. 7, ‘an Comhaontú um Tharraingt Siar’.

⁷ IO 2020 L 29, lch. 1.

Aontaithe, agus, de riail ghinearálta, chun na héifeachta céanna i dtaca leis na Ballstáit, chun go seachnófar suaitheadh sa tréimhse ina ndéanfar an comhaontú/na comhaontuithe maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí a chaibidliú,’

5. Le hAirteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, dar teideal ‘Idirthréimhse’, a ghabhann leis an gceathrú cuid de, maidir leis an ‘idirthréimhse’:

‘Beidh idirthréimhse nó tréimhse cur chun feidhme ann, a thosóidh ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chríochnóidh an 31 Nollaig 2020.’

6. Foráiltear leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 127(1) agus (6) den Chomhaontú sin, dar teideal ‘Raon feidhme na hidirthréimhse’:

‘1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, beidh dlí an Aontais infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse.

[...]

6. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, le linn na hidirthréimhse, tuigfear go bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh in aon tagairt do Bhallstáit i ndlí an Aontais is infheidhme de bhun mhír 1, lena n-áirítear mar a chuirfidh na Ballstáit chun feidhme é agus mar a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm é.’

B. Dlí na Rómáine

7. Léitear Airteagal 9 de la Legea nr. 119/1996 cu privire la actele de stare civilă (Dlí Uimh. 119/1996 maidir le doiciméid stádais shibhialta)⁸ an 16 Deireadh Fómhair 1996 (‘Dlí Uimh. 119/1996’), sa leagan is infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí, mar seo a leanas:

‘I gcás ina ndiúltaíonn an t-oifigeach stádais shibhialta nó an státseirbhíseach a dhéanann feidhmeanna stádais shibhialta doiciméad a tharraingt suas nó sonra a iontráil a thagann faoina inniúlacht, is féidir leis an duine díobháilte imeachtaí a thionscnamh sa chúirt inniúil i gcomhréir leis an dlí.’

8. Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 43 den Dlí sin:

‘I dteastais bhreithe, agus nuair is iomchuí, i ndeimhnithe pósta nó báis, déantar sonraí maidir le hathruithe ar stádas sibhialta an duine a iontráil sna cásanna seo a leanas:

[...]

f) athrú ainm;

[...]

i) athrú inscne, i ndiaidh don chinneadh cúirte a bheith críochnaitheach.’

⁸ *Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 282 an 11 Samhain 1996.

9. Faoi Airteagal 57(1) den Dlí sin:

‘Ní fhéadfaidh na doiciméid stádais shibhialta agus na sonraí atá iontráilte ann a chealú, a iomlánú nó a leasú ach amháin le cinneadh críochnaitheach cúirte.’

10. I bhfianaise Airteagail 1, 2 agus 10 et seq. de Dhlí Uimh. 119/1996, is iad na húdaráis atá freagrach as na cláir ar stádas sibhialta a choimeád a eisíonn teastais bhreithe agus deimhnithe pósta agus báis ar bhonn na ndoiciméad stádais shibhialta a choimeádann siad, gan iad a atáirgeadh go hiomlán.

11. Leagtar síos an méid seo a leanas in Airteagal 4(2)(l) den Ordonanța Guvernului nr. 41/2003, privind dobândirea și schimbarea pe cale administrativă a numelor persoanelor fizice (Reacht Uimh. 41/2003 ón Rialtas maidir le hainmneacha daoine nádúrtha a fháil agus a athrú ar bhealach riaracháin),⁹ an 30 Eanáir 2003:

‘Meastar bunús maith a bheith leis na hiarrataí ar athruithe sna cásanna seo a leanas:

[...]

l) I gcás ina bhfuil formheas athraithe inscne faighte ag duine le cinneadh cúirte atá tagtha chun bheith críochnaitheach agus do-chúlghairthe agus má iarrann sé an t-ainm comhfhreagrach a fháil, agus má thaispeánann sé doiciméad fóirínseach ina sonraítear a inscne.’

12. Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 131(2) de mhodheolaíocht a d’fhormheas Hotărârea Guvernului nr. 64/2011 pentru aprobarea Metodologiei cu privire la aplicarea unitară a dispozițiilor în materie de stare civilă (Cinneadh an Rialtais Uimh. 64/2011 lena bhformheastar an mhodheolaíocht maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na bhforálacha maidir le stádas sibhialta) arna dhátú an 26 Eanáir 2011:

‘Is ar bhonn na sonraí a thairfeadtar sa teastas breithe i ndáil le gnéas agus an dáta breithe a shanntar an uimhir aitheantais phearsanta.’

13. Déantar an uimhir aitheantais phearsanta sin a iontráil sna doiciméid stádais shibhialta.¹⁰

14. De réir reachtaíocht na Rómáine maidir le heisiúint cártaí aitheantais agus pasanna,¹¹ déantar sloinne, céadainm, gnéas agus uimhir aitheantais phearsanta sealbhóirí a chlárú sna doiciméid sin. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag na hathruithe arna ndéanamh ar na sonraí sin thar lear sa

⁹ *Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 68 an 2 Feabhra 2003. Mar a dheimhnítear le hAirteagal 41¹ de Dhlí Uimh. 119/1996, a chuirtear in ionad an Airteagail sin ón 2 Bealtaine 2022, ní mór an téarma ‘ainm’ a léamh sa chiall go bhfolaíonn sé an sloinne nó an céadainm.

¹⁰ Féach na doiciméid stádais shibhialta shamplacha sna hiarscríbhinní a ghabhann le Dlí Uimh. 119/1996. Mínítear conas a chruthaítear an uimhir sin in Airteagal 14(3) den Normele metodologice de aplicare unitară a dispozițiilor legale privind evidența, domiciliul, reședința și actele de identitate ale cetățenilor români (noirm mhodheolaíochta maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach forálacha riaracháin a bhaineann leis an gclár daonra, an sainchónaí, an áit chónaithe agus doiciméid chéannachta na ndaoine a bhfuil saoránacht Rómánach acu), mar a d’fhormheas Hotărârea Guvernului nr. 1375/2006 (Cinneadh an Rialtais Uimh. 1375/2006) an 4 Deireadh Fómhair 2006 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 851 an 17 Deireadh Fómhair 2006). Seasann an chéad fhiúir don ghnéas agus don aois inar rugadh iad. Seasann fiúir 1 do na daoine fireanna a rugadh idir 1900 agus 1999, seasann fiúir 2 do na daoine baineanna a rugadh idir 1900 agus 1999. Is iad 5 agus 6 faoi seach na fiúirí a bhaineann leis an tréimhse 2000-2009.

¹¹ Féach Ordonanța de urgență a Guvernului nr. 97/2005 privind evidența, domiciliul, reședința și actele de identitate ale cetățenilor români (Ordú Éigeandála an Rialtais Uimh. 97/2005 maidir le clárú daoine, an sainchónaí, an áit chónaithe agus doiciméid chéannachta náisiúnach de chuid na Rómáine), an 14 Iúil 2005 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 641 an 20 Iúil 2005), agus Hotărârea Guvernului Uimh. 557/2006 privind stabilirea datei de la care se pun în circulație pașapoartele electronice, precum și a formei și conținutului acestora (Cinneadh an Rialtais Uimh. 557/2006 lena gcinntear dáta thabhairt isteach na bpassanna leictreonacha, agus a bhfoirm agus a n-inneachar) an 26 Aibreán 2006 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 376 an 2 Bealtaine 2006).

Rómáin gan réamhchlárúcháin ó na seirbhísí stádais sibhialta a luaithe a eiseofar pas, i gcás athrú sloinne agus céadainm, nó cárta aitheantais i gcás athrú sonraí maidir le stádas sibhialta. Agus Airteagal 19(i) de Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 97/2005 á chur i bhfeidhm, is í an tseirbhís phoiblí atá freagrach as an taifead pearsanta a choimeád a eisíonn doiciméad céannachta nua i gcás athrú inscne.

C. Dlí na Ríochta Aontaithe

15. De réir Airteagal 2(1) agus Airteagal 3 den Gender Recognition Act 2004 (Dlí 2004 maidir le hAitheantas Inscne), sa leagan is infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí,¹² ní mór do dhuine atá 18 mbliana d’aois ar a laghad, ar mian leis aitheantas dlíthiúil a fháil dá inscne, iarratas a dhéanamh do phainéal um aitheantas inscne a dhéanann imscrúdú ar na gnéithe fianaiseacha a sholáthraíonn sé chun teastas um aitheantas inscne a fháil.¹³ Ar an gcéad dul síos, áirítear leis seo fáthmheas dhiosfóiria inscne arna dhéanamh ag dochtúir nó ag síceolaí a bhfuil speisialtóireacht ábhartha aige agus, ar an dara dul síos, dearbhú sollúnta lena gcuirtear in iúl go bhfuil ar a laghad dhá bhliain caite ag an duine sin ag maireachtáil de réir a inscne faighte agus go bhfuil sé ar intinn aige maireachtáil de réir a inscne faighte don chuid eile dá shaol.

16. Le hAirteagal 9(1) den Dlí sin, sonraítear gurb ionann eisiúint GRC agus aitheantas iomlán na hinscne a fuarthas ag an iarratasóir, ar gach slí. Mar sin féin, ní féidir é a úsáid mar mhodh sainaitheantais.¹⁴

17. Agus na Enrolment of Deeds (Change of Name) Regulations 1994 [Rialachán um Chlárú Doiciméad 1994 (Athrú Ainm)]¹⁵ á chur i bhfeidhm, féadfaidh saoránach den Chomhlathas a shloinne nó a chéadainm a athrú le gnáth-dhearbhú, is é sin gníomhas aonpháirtí a d’fhéadfadh a bheith cláraithe, do dhaoine a bhfuil 18 mbliana d’aois ar a laghad slánaithe acu, i gClárlann High Court of Justice (England & Wales), King’s Bench Division [Ard-Chúirt Bhreithiúnais na Ríochta Aontaithe (Sasana agus an Bhreatain Bheag), an Rannóg King’s Bench, an Ríocht Aontaithe]. Sa chás sin, foilsítear é in *The London Gazette*. Níl an clárú sin éigeantach, d’fhéadfadh cruthúnas an athraithe inscne teacht chun cinn le haon mhodhanna atá le fáil sa dlí.

III. Fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

18. Cláraíodh an t-iarratasóir,¹⁶ de náisiúntacht Rómánach, mar bhaineannach tráth na breithe an 24 Lúnasa 1992 in Cluj-Napoca (an Rómáin).

¹² Féach sonraí maidir leis an dlí agus an cleachtas atá ann faoi láthair, faoi seach, ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas: [https://uk.westlaw.com/Document/I5F92B790E42311DAA7CF8F68F6EE57AB/View/FullText.html?originationContext=document&transitionType=DocumentItem&vr=3.0&rs=PLUK1.0&contextData=\(sc.Search\)&firstPage=true](https://uk.westlaw.com/Document/I5F92B790E42311DAA7CF8F68F6EE57AB/View/FullText.html?originationContext=document&transitionType=DocumentItem&vr=3.0&rs=PLUK1.0&contextData=(sc.Search)&firstPage=true) agus <https://www.gov.uk/apply-gender-recognition-certificate>

¹³ An ‘GRC’.

¹⁴ Féach an nóta a ghabhann leis an GRC arna chur ar an gcomhad sa chás sna príomhimeachtaí [‘Warning: A certificate is not evidence of identity’ (Aire: ní hionann teastas agus cruthúnas féiniúlachta)] agus breithiúnas ECtHR an 19 Eanáir 2021, *X agus Y v an Rómáin* (CE:ECHR:2021:0119JUD000214516, mír 32), ‘breithiúnas *X agus Y v an Rómáin*’.

¹⁵ Féach na mionsonraí praiticiúla atá ar fáil ag an seoladh idirlín seo a leanas: <https://www.gov.uk/change-name-deed-poll>.

¹⁶ Molaim go n-úsáidfídh an Chúirt an téarma ‘iarratasóir’ ar an bhforas gur aithníodh go dlíthiúil an t-athrú inscne i mBallstát amháin.

19. Tar éis dó bogadh chuig an Ríocht Aontaithe lena thuismitheoirí in 2008, bhain an t-iarratasóir náisiúntacht na Ríochta Aontaithe amach de bharr eadóirseachta an 21 Aibreán 2016. Ó shin i leith, is saoránach de chuid na Rómáine agus de chuid na Ríochta Aontaithe araon é.

20. An 21 Feabhra 2017, d'athraigh an t-iarratasóir a chéadainm agus a theideal ó bhaineannach go fireann i gcomhréir le nós imeachta an ghníomhais aonpháirtí.

21. Agus an fhoirmiúlacht sin á comhlíonadh aige, lean sé air ag malartú doiciméid oifigiúla áirithe arna n-eisiúint ag údaráis na Ríochta Aontaithe, is é sin, a cheadúnas tiomána agus a phas.

22. An 29 Meitheamh 2020, fuair an t-iarratasóir 'Gender Recognition Certificate' (GRC), doiciméad ina ndeimhnítear a fhireannacht.

23. I mí na Bealtaine 2021, bunaithe ar dhá dhoiciméad a fuarthas ón Ríocht Aontaithe, is é sin, an gníomhas aonpháirtí agus an GRC, d'iarr an t-iarratasóir ar oifig chlárann sibhialta Cluj na tagairtí maidir lena athrú céadainm, a inscne agus a uimhreach aitheantais pearsanta a chlárú ina theastas breithe ionas go mbeadh sé mar an gcéanna leis an inscne fhireann agus, chomh maith leis sin, teastas breithe nua a eisiúint dó lena n-áireofaí na mionsonraí nua sin.

24. Mar gheall ar dhiúltú na seirbhíse sin, rinne an t-iarratasóir imeachtaí a thionscnamh an 14 Meán Fómhair 2021 sa Judecătoria Sectorului 6 Bucureşti (Cúirt Chéadchéime an Séú Ceantar de Bhúcairist, an Rómáin), is é sin an chúirt a rinne an tarchur, na hiarrataí céanna i mbun gníomhaíocht atá dírithe ar Oifig Chlárann Sibhialta Cluj, an Stiúrthóireacht atá freagrach as an taifead pearsanta a choimeád agus bunachar sonraí na hAireachta Gnóthaí Baile agus bardas Cluj-Napoca a bhainistiú.

25. Maíonn an t-iarratasóir go n-iarrann sé ar an gcúirt a rinne an tarchur go ndéanfaí a theastas breithe a ailíniú lena fhéiniúlacht inscne, rud atá aitheanta go cinntitheach sa Ríocht Aontaithe. Iarrann sé go ndéanfaí dlí an Aontais a chur chun feidhme go díreach, go háirithe cearta gach saoránaigh den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch an Aontais, ionas go bhféadfaidh sé an ceart sin a fheidhmiú gan bhac trí dhoiciméad taistil a sholáthar atá ailínithe lena fhireannacht. Dar leis, dá gcuirfí d'oibleagáid air nós imeachta nua a thionscnamh sa Rómáin, ag iarraidh go díreach an t-athrú inscne a fhormheas, d'fhágfadh sé sin go mbeadh baol ann go dtabharfaí réiteach a bheadh contrártha leis an réiteach a ghlac údaráis na Ríochta Aontaithe, ós rud é gur chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine¹⁷ go bhfuil easpa soiléireachta¹⁸ agus intuarthachta ag baint le nós imeachta na Rómáine.

26. Maíonn an cosantóir, údaráis na Rómáine, go n-iarrtar sa chaingean seo go ndéanfaí a stádas sóisialta pearsanta nua, rud a eascraíonn as athruithe arna ndéanamh thar lear, a aithint. Mar sin féin, mar a fhoráiltear in Airteagal 43(i) d'Acht Uimh. 119/1996, déantar na tagairtí maidir le hathruithe ar stádas sibhialta a iontráil sna teastais bhreithe, i gcás athrú inscne, ar bhonn cinneadh cúirte atá tagtha chun bheith críochnaitheach.

27. Sa nós imeachta sin, iarradh ar an Consiliul Național pentru Combaterea Discriminării (Comhairle náisiúnta frith-idirdhealaithe na Rómáine) idiragairt a dhéanamh agus deonaíodh an t-iarratas ar idiragairt choimhdeach a fuarthas ón Asociația Accept (Comhlacht Accept) a thacaíonn leis an iarratasóir.

¹⁷ 'ECtHR'.

¹⁸ Rinne an t-iarratasóir tagairt do bhreithiúnas *X agus Y v an Rómáin*.

28. Déanann an chúirt a rinne an tarchur tagairt, ar dtús, do chásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais, go háirithe do bhreithiúnais an 2 Deireadh Fómhair 2003, *Garcia Avello*¹⁹; an 14 Deireadh Fómhair 2008, *Grunkin agus Paul*²⁰; an 8 Meitheamh 2017, *Freitag*,²¹ agus an 14 Nollaig 2021 chomh maith, *Stolichna obshtina, rayon 'Pancharevo'*²² d'fhonn amhras a chur in iúl, ina dhiaidh sin, faoi chomhréireacht na reachtaíochta náisiúnta leis na cearta a ghabhann le saoránacht an Aontais a mhéid a chuireann sé d'oibleagáid ar an ábhar sonraí imeachtaí cúirte nua a leanúint i gceann de na Ballstáit a bhfuil sé ina náisiúnach díobh, cé gur éirigh leis imeachtaí a chur i gcrích i mBallstát eile ar náisiúnach de é chomh maith, beag beann ar chineál na n-imeachtaí arna seoladh sa Stát deireanach sin, go háirithe, imeachtaí cúirte nó imeachtaí riaracháin.

29. Ar deireadh, measann an chúirt sin go mbraitheann réiteach na díospóide sna príomhimeachtaí ar shoiléiriú ar na hiarmhairtí a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. Go háirithe, más freagra dearfach a thabharfar ar an gcéad cheist, ba ghá a shoiléiriú cibé an bhfuil sé de cheangal ar Bhallstát éifeachtaí dlíthiúla a eascraíonn as gnáthamh athraithe inscne arna dhéanamh i Stát a bhí ina Bhallstát ag tús an ghnáthaimh, ach nach raibh ina Bhallstát a thuilleadh tráth a cuireadh an gnáthamh sin i gcrích.

30. Sna himthosca sin, chinn Judecătoria Sectorului 6 București (Cúirt Chéadchéime an Séú Ceantar de Bhúcairist) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt i gcomhair réamhrialú:

'1) An ionann é nach n-aithnítear le hAirteagal 43(i) agus le hAirteagal 57 de Legea nr. 119/1996 privind actele de stare civilă (Dlí Uimh. 119/1996 maidir le doiciméad stádais sibhialta) athruithe ar stádas sibhialta arna ndéanamh i mBallstát eile trí bhíthin an nós imeachta maidir le haitheantas dlíthiúil inscne a iontráil a bhaineann le inscne agus le céadainm fir thrasinscnigh a bhfuil dénáisiúntacht aige (Rómánach agus náisiúntacht Ballstáit eile) agus go gceanglaítear ar shaoránach na Rómáine dul trí nós imeachta breithiúnach ar leith sa Rómáin ón tús, in aghaidh seirbhís phoiblí áitiúil na dtáifead pearsanta agus stádas sibhialta - imeachtaí ar chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go raibh easpa soiléireachta agus intuarthachta ina leith (*Cás X agus Y v an Rómáin*, Uimh. 2145/16 agus 20607/16, 19 Eanáir 2021) agus as a bhféadfadh breithiúnas atá contrártha leis an mbreithiúnas arna thabhairt sa Bhallstát eile a bheith mar thoradh air, agus bac ar fheidhmiú an chirt chun saoránachta Eorpaí (Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) agus/nó an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse atá ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh (Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 45 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh) go díniteach, comhionannas os comhair an dlí agus neamh-idirdhealú (Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Airteagal 18 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 1, 20 agus 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh), lena n-urramaítear an ceart chun saoil phríobháidigh agus chun saoil teaghlaigh (Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)?

¹⁹ C-148/02, 'breithiúnas *Garcia Avello*', EU:C:2003:539.

²⁰ C-353/06, 'breithiúnas *Grunkin agus Paul*', EU:C:2008:559.

²¹ C-541/15, 'breithiúnas *Freitag*', EU:C:2017:432.

²² C-490/20, 'breithiúnas *Pancharevo*', EU:C:2021:1008.

2) An ndéanann imeacht Ríocht Aontaithe [...] ón Aontas Eorpach difear do fhreagra na ceiste thuas, go háirithe (i) i gcás inar cuireadh tús leis an nós imeachta chun stádas sibhialta a athrú roimh Brexit agus inar cuireadh i gcrích é le linn na hidirthréimhse, agus (ii) go bhfágann tionchar Brexit nach féidir leis an duine úsáid a bhaint as na cearta a bhaineann le saoránacht Eorpach, lena n-áirítear an ceart chun saorghluaiseachta agus cónaithe, ar bhonn doiciméad aitheantais nó taistil Rómánach ina bhfuil inscne agus céadainmneacha baineanna agus ar bhonn na ndoiciméad sin amháin, rud atá contrártha leis an bhféiniúlacht inscne atá aitheanta go dlíthiúil cheana féin?’

31. Fuarthas barúlacha i scríbhinn ón iarratasóir agus ón gcomhlachas Accept, ó bhargas Cluj-Napoca, rialtais na Rómáine, na Gearmáine, na Gréige, na hUngáire, na hÍsiltíre agus na Polainne agus ón gCoimisiún. D’fhreagair an t-iarratasóir, an comhlachas Accept, rialtais na Gearmáine, na hUngáire, na hÍsiltíre agus na Polainne chomh maith leis an gCoimisiún, na ceisteanna i gcomhair freagra ó bhéal arna gcur ag an gCúirt le linn na héisteachta a tionóladh an 23 Eanáir 2024.

IV. Anailís

32. Baineann an iarraidh ar réamhrialú le hiarratas go ndéanfaí athrú céadainm agus inscne a iontráil i dteastas breithe, ar bhonn doiciméid a cláraíodh sa Ríocht Aontaithe, ceann amháin roimh tharraingt siar an Stáit sin as an Aontas agus an ceann eile roimh dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Maíonn an t-iarratasóir, atá ina náisiúnach agus cónaitheoir de chuid na Ríochta Aontaithe, agus de chuid na Rómáine, an áit inar rugadh é, go gcuirfí ar a chumas a cheart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse san Aontas ina cháil mar shaoránach an Aontais, a fheidhmiú, dá mbunófaí doiciméad taistil dó a bheadh i gcomhréir lena fhéiniúlacht inscne.

33. Ina leith sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, ar thaobh amháin, faoin bhfiúntas, faoi dhlí an Aontais, a bhaineann le diúltú aitheantas a thabhairt do shaoránach den Aontas, d’fhonn a theastas breithe a nuashonrú, a bhaineann le hathruithe ar a fhéiniúlacht a fuarthas i Stát ina raibh feidhm ag dlí an Aontais an tráth sin. Ar an taobh eile, iarrann an chúirt a rinne an tarchur go ndéanfaí an Chúirt Bhreithiúnais na hiarmhairtí nach mór a bhaint as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a shoiléiriú.

A. Maidir leis an nasc atá ann idir dlí an Aontais Eorpaigh i gcás ina n-iarann saoránach den Aontas go ndéanfaí a fhéiniúlacht inscne a iontráil ina theastas breithe

34. Mar atá dlí an Aontais faoi láthair, níl rialacha nó cásdlí ann lena rialaítear saincheisteanna maidir le nuashonrú a dhéanamh sa Bhallstát inar rugadh saoránach den Aontas ar shonraí doiciméad stádais sibhialta a bhaineann le gnéas nó le féiniúlacht inscne ar bhonn doiciméid arna dtarraingt suas nó cinntí arna ndéanamh i mBallstát eile.

35. Go deimhin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne, ar dtús, nach bhfuil feidhm ag Rialachán ar bith a bhaineann le comhar sibhialta. Déantar stádas sibhialta na ndaoine a eisiáimh go sainráite ó raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair sibhialta agus thráchtála,²³ mar is amhlaidh ó tháinig an Coinbhinsiún ar dhlínse agus ar

²³ IO 2012 L 351, lch. 1. Féach Airteagal 1(2) den Rialachán sin.

fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála i bhfeidhm.²⁴ Chomh maith leis sin, ní thagann ábhar na n-imeachtaí faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000.²⁵

36. Thairis sin, cé go bhfuil bearta glactha ag reachtas an Aontais chun cúrsaíocht doiciméad stádas sibhialta a éascú, níor thug sé aghaidh ar a n-éifeachtaí, mar is léir ó theideal Rialachán (AE) 2016/1191 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le saorghluaiseacht saoránach a chur chun cinn trí shimplíú a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann le doiciméid phoiblí áirithe a chur i láthair san Aontas Eorpach, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012.²⁶ Foráiltear leis an Rialachán sin, arb é Airteagal 21(2) CFAE an bunús dlí atá leis, d'fhoirmeacha ilteangacha agus díolúine iomlán reachtaíochta laistigh den Aontas. Ní thugtar aghaidh ar an tsaincheist maidir le nuashonrú na gclár náisiúnta um stádas sibhialta, toisc gur rinneadh amhlaidh i mír 4 den Pháipéar Uaine ón gCoimisiún dar teideal 'Less bureaucracy for citizens: promoting free movement of public documents and recognition of the effects of civil status records' (Níos lú maorlathais do shaoránaigh: saorghluaiseacht na ndoiciméad poiblí a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt d'éifeachtaí na gclár stádais sibhialta).²⁷

37. Ar an dara dul síos, ní bhaineann cásdlí socair na Cúirte maidir le stádas sibhialta ach amháin leis an sloinne agus an céadainm atá scríofa sna doiciméid stádais sibhialta. Chinn an Chúirt, cé go dtagann na rialacha a bhaineann le hiontráil sonraí aitheantais an duine faoi inniúlacht na mBallstát, nach mór don dara ceann díobh sin, agus an inniúlacht sin á feidhmiú acu, dlí an Aontais agus go háirithe, forálacha Chonradh FAE maidir leis an tsaoirse atá ag gach saoránach den Aontas chun gluaiseacht agus cónaí ar chríoch na mBallstát, a chomhlíonadh.²⁸

38. Ar an tríú dul síos, mheabhraigh an Chúirt, go dtagann 'stádas sibhialta na ndaoine, atá ábhartha do na rialacha maidir le pósadh agus tuismíocht, faoi inniúlacht na mBallstát agus ní bhaineann dlí an Aontais Eorpaigh ón inniúlacht sin. Dá bhrí sin, tá sé de shaorchead ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an gceadaítear pósadh agus tuismíocht do dhaoine comhghnéis faoina ndlí náisiúnta nó nach gceadaítear. Mar sin féin, agus an inniúlacht sin á feidhmiú acu, ní mór do gach Ballstát dlí an Aontais a chomhlíonadh agus, go háirithe, na forálacha a leagtar síos

²⁴ Coinbhinsiún arna shíniú sa Bhruiséil an 27 Meán Fómhair 1968 (IO 1972 L 299, lch. 32), arna leasú le coinbhinsiúin leanúnacha maidir le haontachas na mBallstát nua leis an gCoinbhinsiún sin (IO 1998 C 27, lch. 1).

²⁵ IO 2003 L 338, lch. 1. Is amhlaidh an cás do Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus sna hábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí (IO 2019 L 178, lch. 1 agus ceartúchán IO 2020 L 347, lch. 52) lena n-aisghaireadh Rialachán Uimh. 2201/2003 ón 1 Lúnasa 2022.

²⁶ IO 2016 L 200, lch. 1.

²⁷ COM(2010) 747 final. Féach Mirisch-Krueger, M 'Filling the Legal Void in Interstate Legal Gender Recognition in the European Union: A U.S. Style Full Faith and Credit Clause and Coman-Based Approach', *Southwestern Journal of International Law*, Iml. 28, Uimh. 1, 2022, lgh. 210 go 229, go háirithe lch. 213 maidir leis an easpa aonfhoirmeachta sna caighdeáin maidir le haitheantas dlíthiúil inscne. Féach freisin, le haghaidh nochtadh ar na réitigh éagsúla atá ar fáil do reachtóir an Aontais Eorpaigh, lch. 216 et seq. Féach, go háirithe, lch. 217, et seq. [Teideal II, B, dar teideal 'Glacadh le Clásal Iontaoibhe agus Creidmheasa iomláin san Eoraip ar mhaithe le hAithint Inscne Idirstáit' (aistriúchán saor), le haghaidh anailís atá bunaithe ar dhlí na Stát Aontaithe (Airteagal IV, mír 1 den Bhunreacht), maidir le bunphrionsabal iontaoibh fhrithpháirteach a leagadh síos san Aontas d'fhonn aitheantas uathoibríoch na féiniúlachta inscne i measc Ballstát.

²⁸ Féach breithiúnas *Freitag* [mír 33, ina ndéantar tagairt do bhreithiúnais *Garcia Avello* (mír 25); *Grunkin agus Paul* (mír 16); an 22 Nollaig 2010, *Sayn-Wittgenstein* (C-208/09, EU:C:2010:806, míreanna 38 agus 39); an 12 Bealtaine 2011, *Runevič-Vardyn agus Wardyn* (C-391/09, EU:C:2011:291, mír 63) agus an 2 Meitheamh 2016, *Bogendorff von Wolfersdorff*, (C-438/14, 'breithiúnas *Bogendorff*', EU:C:2016:401, mír 32)).

in CFAE maidir le saoirse gach saoránaigh den Aontas chun gluaiseacht agus cónaí ar chríoch na mBallstát, agus chuige sin, stádas daoine atá bunaithe i mBallstát eile a aithint i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin.²⁹

39. Mar sin, de réir cásdlí socair, tá nasc ann le dlí an Aontais maidir le náisiúnaigh de Bhallstát a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríoch Ballstáit eile.³⁰ Mar sin féin, tá sé de chumas ag gach saoránach den Aontas sa chás seo brath ar na cearta a bhaineann leis an stádas sin, go háirithe na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 21(1) CFAE lena n-áirítear, nuair is iomchuí, maidir lena Bhallstát dúchais.³¹

40. Sa chás seo, níl aon amhras ann gur fheidhmigh an t-iarratasóir, ina cháil mar shaoránach de chuid an Aontais, a shaoirse gluaiseachta agus cónaithe i mBallstát eile seachas a Bhallstát tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 21 CFAE, agus go bhfuil saoránacht den chéad cheann faighte aige.

41. Anuas air sin, mhaígh an t-iarratasóir ina Bhallstát tionscnaimh a chearta ina Bhallstát tionscnaimh tar éis dó a shaoirse gluaiseachta a fheidhmiú sa Ríocht Aontaithe, a bhí ina Bhallstát den Aontas ag an am. Ar deireadh, ós rud é nach Ballstát den Aontas í an Stát sin a thuilleadh, is mar gheall ar a náisiúntacht Rómánach amháin atá sé ar intinn aige gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de chríoch an Aontais le doiciméid aitheantais agus taistil Rómánacha.³²

42. Ardaítear le cás an iarratasóra, mar sin, raon feidhme dhlí an Aontais. Mar sin féin, an bhfuil baol ann go gcaithfí amhras ar an anailís sin toisc gur éiligh sé a chearta sa Rómáin i ndiaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas?

B. Maidir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar

43. Ar dtús, ba cheart an méid seo a leanas a mheabhú:

- An 31 Eanáir 2020, tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus
- De réir Airteagal 2(e) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 126 den Chomhaontú sin, foráiltear leis an gComhaontú sin d’idirthréimhse ón 1 Feabhra 2020, dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go dtí an 31 Nollaig 2020. Le linn na tréimhse sin, bhí feidhm ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 127(1) den chomhaontú sin, *mura bhforáiltear a mhalairt sa chomhaontú iontu*.

44. Ar an dara dul síos, tugaim an méid seo a leanas faoi deara:

- Ní fhoráiltear le haon cheann de na forálacha den Chomhaontú um Tharraingt Siar do mhaolú ar an bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 127 maidir le forálacha dhlí an Aontais a bheadh infheidhme sna príomhimeachtaí, agus

²⁹ Breithiúnas *Pancharevo* [mír 52, ag tagairt do bhreithiúnas an 5 Meitheamh 2018, *Coman agus páirtithe eile* (C-673/16, ‘breithiúnas *Coman agus páirtithe eile*’ EU:C:2018:385 míreanna 36 go 38 agus an cásdlí dá dtagraítear.

³⁰ Féach breithiúnais *García Avello* (mír 27) agus *Freitag* (mír 34).

³¹ Féach, chuige sin, breithiúnais *Coman agus páirtithe eile* (mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus *Pancharevo* (mír 42).

³² Féach, sa chiall sin, breithiúnas an 9 Meitheamh 2022, *Préfet du Gers agus Institut national de la statistique et des études économiques* (C-673/20, EU:C:2022:449, míreanna 55 go 58 agus 79).

– sa chás sin, is iad sin na hiarmhairtí a bhaineann le feidhmiú na saorghluaiseachta sa Ríocht Aontaithe, a fuarthas roimh tharraingt siar an Bhallstáit sin as an Aontas agus deireadh na hidirthréimhse faoi seach, atá á n-éileamh i mBallstát eile. Go deimhin, an 21 Feabhra 2017, tar éis nós imeachta an ghníomhais aonpháirtí, athraíodh céadainm agus teideal an iarratasóra sna príomhimeachtaí agus, an 29 Meitheamh 2020, le linn na hidirthréimhse, eisíodh GRC dó, is é sin, doiciméad lena ndeimhnítear a fhireannacht.

45. Ní mór a thuiscint as sin, dar liom, nach mór anailís a dhéanamh ar an GRC sin, arna dhreachtú le linn na hidirthréimhse, sa Bhallstát lena mbaineann mar dhoiciméad oifigiúil de chuid Ballstáit eile,³³ i gcomhréir le dlí an Aontais atá infheidhme ar an lá a dhéantar scrúdú ar an iarratas.

46. Ní féidir an coinníoll sin a bheith ag brath ar dheireadh na hidirthréimhse agus, dá bharr sin, ar an dáta a dhéanann an duine lena mbaineann a éifeachtaí a éileamh.³⁴ Mar thoradh air sin, is féidir, an srian ar shaorghluaiseacht a mhaígh an t-iarratasóir³⁵ maidir leis an diúltú a theastas breithe a nuashonrú, a mheas, i bprionsabal, i bhfianaise fhorálacha Airteagal 21 CFAE.

47. Dá bhrí sin, leis an dá cheist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, dar liom, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach, go bunúsach, an gá Airteagal 21 CFAE agus Airteagal 7 agus 45 den Chairt a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar údaráis Bhallstáit diúltú aitheantas a thabhairt do theastas breithe náisiúnaigh den Bhallstát sin, ar náisiúnach den Ríocht Aontaithe é freisin, don chéadainm agus don fhéiniúlacht inscne, a dearbhaíodh agus a fuarthas go dleathach sa Ríocht Aontaithe nuair a bhí an Stát sin fós ina chomhalta den Aontas tráth an chéad dearbhaithe agus go raibh dlí an Aontais fós infheidhme tráth an dara dearbhú, ar an bhforas go gcuireann foráil den dlí náisiúnta an fhéidearthacht iontráil den sórt sin a fháil mar thoradh ar an athrú inscne a bheith aitheanta ag an gcéad Bhallstát.

48. Is iomchuí, dá bhrí sin, na hiarmhairtí, ó thaobh an stádais shibhialta de, a d'fhéadfadh a bhaint as na doiciméid atá faoi chonspóid de réir dhlí an Aontais a chinneadh.

C. Maidir le haitheantas athruithe céadainm agus inscne a fuarthas i mBallstát eile chun críocha stádais shibhialta i mBallstát

49. I bhfianaise na gcoinníollacha maidir le haitheantas a thabhairt i mBallstát amháin d'éifeachtaí doiciméad poiblí arna dtarraingt suas i mBallstát eile, tugaim faoi deara, ar an gcéad dul síos, go measann an chúirt a rinne an tarchur go suitear go bhfuil na doiciméid atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach cláir stádais shibhialta ná cinntí breithiúnacha iad, bailí agus go bhfuil siad in ann na héifeachtaí céanna a bhaineann le céannacht an iarratasóra³⁶ a sholáthar, in ábhair

³³ Maidir leis an gcaillíocht sin, féach breithiúnas an 14 Márta 2024, *an Coimisiún v an Ríocht Aontaithe* (Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí) (C-516/22, EU:C:2024:231, mír 53).

³⁴ Féach, de réir analaí, maidir le héifeachtaí na ndoiciméad arna mbunú roimh aontachas Stáit don Aontas Eorpach, breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *Runevič-Vardyn agus Wardyn* (C-391/09, EU:C:2011:291, mír 55).

³⁵ Féach mír 25 den Tuairim seo.

³⁶ Tugaim faoi deara, i ndáil leis sin, gurb é an breithiúnas in *Pancharevo* (mír 20) an t-aon bhreithiúnas ón gCúirt ina bhfuil mionsonraí faoin gcineál doiciméid stádais shibhialta a tugadh ar aird, faoina dhlísteánú agus faoina aistriúchán. Sa chás as ar eascair breithiúnas *Freitag*, thaispeáin an páirtí lena mbaineann a phas (mír 20). Ní thugtar aon léiriú ar leith ar na doiciméid arna dtabhairt d'údaráis na Gearmáine i mbreithiúnas *Bogendorff* ina leagtar síos i mír 15 go bhfuil an t-athrú céadainm agus sloinne mar thoradh ar ghníomhas aonpháirtí. I mbreithiúnas *Grunkin agus Paul*, bhain ábhar na n-imeachtaí le sloinne linbh Ghearmánaigh, a iontráladh ina theastas breithe arna tharraingt suas sa Danmhairg.

a bhaineann le stádas sibhialta, agus atá ag na héifeachtaí sin arna n-aithint ag údaráis na Ríochta Aontaithe, a d’eisigh pas nua agus ceadúnas tiomána tar éis an dearbhaithe maidir le hathrú céadainm agus teidil (gníomhas aonpháirtí), ós rud é nár soláthraíodh aon sonraí maidir le GRC.³⁷

50. Ar an dara dul síos, maidir le *hiarratas chun nuashonrú a dhéanamh ar theastas breithe saoránaigh de chuid an Aontais*, ní mór tagairt a dhéanamh do chinntí na Cúirte maidir le stádas sibhialta nach mbaineann ach amháin le diúltú ó údaráis Bhallstáit an céadainm agus an sloinne a fuarthas, in imthosca amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, ag náisiúnach den Bhallstát sin a d’fheidhmigh a cheart chun gluaiseacht faoi shaoirse agus a bhfuil dénáisiúntacht aige freisin, agus an céadainm nó an sloinne á chinneadh i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm sa Bhallstát deireanach sin.³⁸

51. Chinn an Chúirt, ar dtús, ‘gur comhghnéithe d’fhéiniúlacht agus de shaol príobháideach an duine iad an céadainm agus an sloinne, a bhfuil a gcosaint cumhdaithe in Airteagal 7 den [Chairt] agus in Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 (“an ECHR”)’. Chinn an Chúirt freisin, cé nach luaitear é go sainráite in Airteagal 7 den Chairt, go mbaineann céadainm agus sloinne duine, mar mhodhanna aitheantais phearsanta agus mar nasc teaghlaigh, lena saol príobháideach agus teaghlaigh.³⁹

52. Ina dhiaidh sin, chinn an Chúirt go bhféadfadh diúltú aitheantas a thabhairt d’ainm saoránaigh den Aontas a fuarthas go dleathach i mBallstát eile bac a chur ar fheidhmiú an chirt, a chumhdaítear in Airteagal 21 CFAE, chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát mar gheall ar an mearbhall agus an míchaoithiúlacht a d’fhéadfadh eascairt as éagsúlacht idir an dá ainm a cuireadh i bhfeidhm ar an duine céanna maidir le cruthúnas ar a chéannacht agus cineál a cheangal teaghlaigh.⁴⁰

53. Ar deireadh, i gcás ina n-áirítear bunúis dlí eile sa dlí náisiúnta chun ainm a athrú arna iarraidh sin don duine lena mbaineann, chinn an Chúirt chun go measfar go bhfuil siad i gcomhréir le dlí an Aontais, nach bhféadfadh cur chun feidhme na gceart a thugtar le hAirteagal 21 CFAE a dhéanamh dodhéanta nó ródheacair. Ina theannta sin, in éagmais reachtaíocht an Aontais maidir le hainm athartha a athrú, ní mór don dá nós imeachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta prionsabal na coibhéise a leanúint.⁴¹

³⁷ Féach, mar chomparáid, maidir leis an dearbhú (gníomhas aonpháirtí), breithiúnas *Bogendorff* (mír 15) agus, maidir le críochnaitheacht socraíochta an GRC, breithiúnas an 26 Meitheamh 2018, *MB (Athrú inscne agus pinsean scoir)* (C-451/16, EU:C:2018:492, mír 11). Le linn na héisteachta, thug an t-iaratasóir le fios gur cláraíodh a dhearbhu (gníomhas aonpháirtí) i mí Feabhra 2017 agus, toisc nach raibh sé pósta, go bhfuair sé teastas cinntitheach um aitheantas inscne. Féach Airteagal 4(2) de Dhlí 2004 um Aitheantas Inscne.

³⁸ Féach breithiúnais *Bogendorff agus Freitag*. D’eisigh an Chúirt dhá chinneadh ina dhiaidh sin maidir le stádas sibhialta inar cumhdaíodh pósadh nó breith saoránaigh de chuid an Aontais a cláraíodh i mBallstát eile. Mar sin féin, ní féidir aon éileamh maidir le hoibleagáidí a bhaineann le stádas sibhialta a choinneáil a bhaint astu. Baineann na cinntí sin leis na hiarmhairtí riaracháin a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar thaifid stádas sibhialta atá bunaithe i mBallstát eile. Níl aon bhaint acu le clárú, gan beann ar a fhoirm, arna dhéanamh ag seirbhís atá freagrach as an stádas sibhialta a choimeád sa chéad Bhallstát [féach breithiúnais *Coman agus páirtithe eile* (mír 45, an dá abairt dheireanacha) agus *Pancharevo* (mír 57)]. Féach míreanna 89 go 91 den Tuairim seo chomh maith.

³⁹ Féach breithiúnas *Bogendorff* (mír 35). Maidir le hAirteagal 8 ECHR, rinne an Chúirt tagairt do bhreithiúnais an 22 Nollaig 2010, *Sayn-Wittgenstein* (C-208/09, EU:C:2010:806, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 12 Bealtaine 2011, *Runevič-Vardyn agus Wardyn* (C-391/09, EU:C:2011:291, mír 66).

⁴⁰ Féach breithiúnas *Freitag* (míreanna 36 agus 37 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach, freisin, maidir leis an gcéadainm, breithiúnas *Bogendorff* (mír 38).

⁴¹ Féach breithiúnas *Freitag* (míreanna 41 agus 42).

54. Sna cinntí sin, bunaithe ar cheart gach saoránaigh den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, rialaigh an Chúirt i bhfabhar doiciméid a bhaineann le stádas sibhialta a thabhairt chun réitigh i mBallstát amháin le sloinne nó céadainm a fuarthas i mBallstát eile, de bhun na rialacha maidir le sannadh an tsloinne,⁴² nó tar éis athrú deonach.⁴³

55. Is é an réasúnaíocht atá leis an gcásdlí sin aitheantas uathoibríoch a thabhairt, i gcomhthéacs iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus d'fhonn saorghluaiseacht an duine lena mbaineann sna Stáit sin a ráthú, do shloinne nó céadainm a fuarthas i mBallstát eile, seachas do ghníomh riaracháin nó breithiúnach. Dá bhrí sin, tá an réasúnaíocht sin éagsúil leis an réasúnaíocht a bhaineann le héifeachtaí gnímh eachtraigh nó breithiúnais eachtraigh a aithint, agus úsáid á baint as modhanna dlí idirnáisiúnta phríobháidigh,⁴⁴ rud a thabharfadh údar le rialacha speisialta a fhorbairt ar fhorais seachas Airteagal 21 CFAE.⁴⁵

56. Sna himthosca sin, is gá na coinníollacha faoina bhféadfar an cásdlí sin a thrasú a chinneadh, agus idirdhealú á dhéanamh idir na gníomhartha atá i gceist sna príomhimeachtaí ós rud é gur rialaigh an Chúirt cheana féin maidir le céadainm nua a aithint go huathoibríoch.

1. Athrú Céadainm

57. Sa chás seo, maidir leis an athrú céadainm a fuair an t-iarratasóir sa Ríocht Aontaithe, sular aithníodh a fhéiniúlacht inscne, níl aon amhras ann nach ionann an céadainm atá ar phas agus ceadúnas tiomána Briotanach an iarratasóra agus an t-ainm a iontráladh i gcláir stádais shibhialta agus i ndoiciméid riaracháin na Rómáine. Mar atá sa chás as ar eascair breithiúnas Bogendorff⁴⁶ agus *a fortiori* i gcás ina roghnaítear céadainm nua i dtaca le dearbhú ina dhiaidh sin maidir leis an bhféiniúlacht inscne, níl aon amhras ach go bhféadfar míchaoithiúlacht thromchúiseach a dhéanamh ar leibhéal riaracháin, gairmiúil agus príobháideach mar thoradh ar neamhréireacht sna céadainmneacha arna n-úsáid ag an duine céanna.

58. Dá bharr sin, is ionann diúltú ag údaráis Bhallstáit an céadainm a aithint, a fuarthas i mBallstát eile a bhí ina Bhallstát den Aontas ag an am, agus srian a chur ar na saoirsí a aithnítear le hAirteagal 21 CFAE do gach saoránach de chuid an Aontais.

59. Níl cúis ar leith luaite ag an gcúirt a rinne an tarchur ná ag rialtas na Rómáine ach oiread, lena bhféadfaí údar a thabhairt don diúltú chéadainm an iarratasóra, a fuair sé sa Ríocht Aontaithe, a aithint nó a chlárú i dteastas breithe an iarratasóra cé is moite den aitheantas inscne, rud a bhfuil

⁴² Féach breithiúnais *Garcia Avello* agus *Grunkin* agus *Paul*.

⁴³ Féach breithiúnais *Bogendorff* agus *Freitag*.

⁴⁴ Féach, chuige sin, mír 36 den Tuairim seo. Féach, maidir leis an modh aitheantais, *Jault-Seseke, F.,* agus *Pataut, E.,* 'Le citoyen européen et son nom', *Europa als Rechts- und Lebensraum: Liber amicorum für Christian Kohler zum 75. Geburtstag*, Gieseking Verlag, Bielefeld, 2018, lgh. 371 go 384, go háirithe lch. 377, agus *Gössl, S.,* agus *Melcher, M.,* 'Recognition of a status acquired abroad in the EU – A challenge for national laws from evolving traditional methods to new forms of acceptance and bypassing alternatives', *Cuadernos de derecho transnacional*, Iml. 14, Uimh. 1, Universitè Carlos III de Madrid, Madrid, 2022, lch. 1012 go 1043, go háirithe lch. 1041.

⁴⁵ Féach, mar léiriú air sin, Coinbhinsiún Uimh. 29 ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Stádas Sibhialta (CIEC) maidir le Cinntí a Aithint a bhaineann le hAthrú Gnéis, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta Liospóin an 16 Meán Fómhair 1999 agus arna shíniú i Vín an 12 Meán Fómhair 2000. Tháinig an Coinbhinsiún sin, a osclaíodh lena shíniú ag gach Ballstát de CIEC nó den Aontas, i bhfeidhm an 1 Márta 2011. Shínigh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilleanach agus Poblacht na hOstaire é agus ba iad Ríocht na Spáinne agus Ríocht na hÍsiltíre a dhaingnigh é. Is é is cuspóir d'athbheithniú feabhsaithe a cheadú arb é is aidhm dó uacht aonair a chumadh trí thagairt do ghnáthrialacha áirithe den dlí idirnáisiúnta príobháideach. Féach freisin barúlacha ó *Guez, P.,* 'Identité de genre et droit international privé', in *Gallus, N., Droit des familles, genre et sexualité*, Anthemis, Limal, 2012, lgh. 115 go 137, go háirithe lgh. 132 go 134.

⁴⁶ Féach mír 38 den bhreithiúnas sin.

údaráis inniúla na Rómáine ina choinne.⁴⁷ Níor luaigh an chúirt sin aon fhoráil shonrach maidir leis an athrú céadainm, cé is moite den cheann atá nasctha leis an athrú inscne. Thairis sin, níor thug sí aon eolas maidir le nós imeachta um chinneadh eachtrach a aithint i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le hainm nó céadainm.⁴⁸

60. Thairis sin, in imthosca an cháis sna príomhimeachtaí, ní urramaítear prionsabal na héifeachtachta agus ní áirithítear cosaint na gceart a fhaigheann an t-iarratasóir ó dhlí an Aontais agus, go háirithe, ó Airteagal 21 CFAE, trí aitheantas an chéadainm nua a nascadh le haitheantas féiniúlachta inscne.⁴⁹ Ar deireadh, ní féidir leis an gcúirt a rinne an tarchur brath ar fhorais an bheartais phoiblí nó na córa combhionainne chun athrú céadainm a dhiúltú.⁵⁰

61. Mar thoradh air sin, i bhfianaise na n-imthosca sin, táim den tuairim nach bhfuil aon fhadhb ann maidir le teastas breithe an iarratasóra a nuashonrú chun aitheantas an athraithe céadainm a scaradh ó aitheantas a athraithe inscne, fiú más cosúil go mbaineann an céadainm le hinscne eile seachas an inscne lena bhfuil baint shocheolaíoch ag an ngnéas a taifeadh tráth na breithe.

62. Thairis sin, sa chás seo, d'fhonn raon feidhme cinnidh maidir le haitheantas uathoibríoch céadainm nua a mheas, is gá breathnú níos faide ná comhthéacs fíorasach an cháis atá os comhair na Cúirte agus glacadh leis go bhféadfadh sé go mbeadh iarmhairtí ag aitheantas den chineál sin do dhoiciméid stádais sibhialta eile, amhail na cinn sin de chuid bhaill teaghlaigh an duine lena mbaineann ina bhfuil an céadainm roimh an athrú, eadhon, go háirithe, deimhniú pósta nó páirtneireachta nó teastas breithe linbh.

63. Is é mo thuairim, mar a fhoráiltear sna rialacha um stádas sibhialta, nach mór go mbeadh éifeacht iomlán ag aitheantas an chéadainm nua, go háirithe ós rud é nach ndéantar leis féiniúlacht na dtríú páirtithe atá i gceist a leasú, murab ionann is aitheantas athraithe ar shloinne arna roghnú nó arna bhfáil ag an gcéile nó arna seachadadh ar aghaidh do na páistí. Ós a choinne sin, in éagmais nuashonrú ina dhiaidh sin, is é an toradh a bheadh air sin go mbeadh neamhréireacht ann idir na doiciméid stádais sibhialta, rud a chuirfeadh bac ar fheidhmiú na gceart faoi Airteagal 21 CFAE, i gcás inar mhaith le baill teaghlaigh tairbhe a bhaint astu ar bhonn na nasc teaghlaigh ar cheart dóibh údar cuí a thabhairt ina leith.

64. Is é sin an chúis nár cheart raon feidhme fhreagra na Cúirte Breithiúnais a theorannú do theastas breithe an duine lena mbaineann. Ar an mbealach sin, ar an iomlán, ba cheart Airteagal 21 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar údaráis Bhallstáit diúltú céadainm atá faighte ag náisiúnach den Bhallstát sin a chlárú i *gclár sibhialta* i mBallstát eile a bhfuil sé ina náisiúnach de freisin, ar bhonn foráil sa dlí náisiúnta lena gcuirtear an fhéidearthacht an clárú sin a fháil faoi réir aitheantas a thabhairt d'athrú inscne ag cúirt sa chéad Bhallstát.

2. Athrú Inscne

65. Sa chás seo, is í an cheist úr a chuirtear ar an gCúirt an féidir an cásdlí a bhaineann le stádas sibhialta maidir leis na héifeachtaí trasteorann a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chéadainm arna fháil i mBallstát a thrasú go hiomlán.

⁴⁷ Féach mír 26 den Tuairim seo.

⁴⁸ Féach, mar chomparáid, Gössl, S., agus Melcher, M., op. cit., go háirithe lch. 1039, fonóta lch. 216.

⁴⁹ Féach, chuige, breithiúnas *Freitag* (mír 42).

⁵⁰ Féach, chuige sin, breithiúnas *Bogendorff* (mír 83).

(a) Analach le cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le hainmneacha

66. Ar dtús, ba cheart a chur in iúl gur shonraigh an Chúirt, i mbreithiúnas an 26 Meitheamh 2018, *MB (Athrú inscne agus pinsean scoir)*⁵¹ ‘[nach mbaineann] dlí an Aontais ó inniúlacht na mBallstát maidir le stádas sibhialta na ndaoine agus aitheantas dlíthiúil athrú inscne duine’,⁵² níor bhain an cás as ar eascair an cinneadh sin le haitheantas dlíthiúil i mBallstát amháin d’fhéiniúlacht inscne a fuarthas i mBallstát eile.⁵³

67. Dá bhrí sin, ní mór a chinneadh cibé an bhfuil an t-aon chásdlí de chuid na Cúirte a bhaineann le haitheantas uathoibríoch a thabhairt i mBallstát d’athrú ar ghné d’fhéiniúlacht shaoránach an Aontais, eadhon a ainm nó a hainm, d’fhonn é nó í a chlárú i stádas sibhialta i mBallstát eile, infheidhme faoi na coinníollacha céanna, i gcás ina bhfuil léiriú inscne ar an teastas breithe i gceist.

68. Ar dtús, d’fhéadfadh sé go mbeadh freagra dearfach ann, agus leas á bhaint as na téarmaí céanna le *Freitag*⁵⁴ riachtanach ar thrí chúis.

69. Ar an gcéad dul síos, i bhformhór na mBallstát,⁵⁵ *tá sonraí inscne ina gcomhghnéithe d’fhéiniúlacht an duine* ar nós an sloinne agus an céadainm.⁵⁶ Is gnách go mbaineann sé sin leis an ngnéas a iontráladh sa teastas breithe,⁵⁷ mar shampla an t-ainm.⁵⁸

70. Ina theannta sin, ceanglaítear leis na forais chun sloinne nó céadainm nua a aithint chun críocha a gcláraithe i stádas sibhialta, eadhon na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 21 CFAE agus an ceart go ndéanfar an saol príobháideach a urramú, a bhfuil a chosaint cumhdaithe in Airteagal 7 den Chairt agus in Airteagal 8 de ECHR,⁵⁹ nár cheart substaint na gceart a thugtar dó lena stádas, i ngach gné dá chéannacht, a bhaint de shaoránach den Aontas.

⁵¹ C-451/16, EU:C:2018:492.

⁵² Féach mír 29 den bhreithiúnas seo. Ag an bpointe seo, mheabhraigh an Chúirt a cásdlí socair ar dá réir ‘nach mór do Bhallstáit [...] agus an inniúlacht sin á feidhmiú acu, dlí an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe na forálacha maidir le prionsabal an neamh-írdhealaithe (féach, chuige sin, go háirithe, breithiúnais an 27 Aibreán 2006, *Richards*, C-423/04, EU:C:2006:256, míreanna 21 go 24; an 1 Aibreán 2008, *Maruko*, C-267/06, EU:C:2008:179, mír 59, mar aon le (*Coman agus páirtithe eile*), míreanna 37 agus 38 agus an cásdlí dá dtagraítear.’

⁵³ I mír 27 den bhreithiúnas sin, luaigh an Chúirt ‘nach mbaineann na príomhimeachtaí agus an cheist arna tarchur ar an gCúirt ach amháin leis na coinníollacha chun bheith i dteideal pinsean scoir a fháil ón Stát. Dá bhrí sin, ní fhiafraítear den Chúirt an féidir, go ginearálta, aitheantas dlíthiúil d’athrú inscne a chur faoi réir neamhniú pósta a tugadh i gcrích roimh an athrú inscne sin’.

⁵⁴ Féach míreanna 36 go 39 den bhreithiúnas sin.

⁵⁵ Maidir leis an easpa sonraí inscne nuair a chláraítear breith linbh nach féidir gnéas fireann nó gnéas baineann a shannadh dóibh, i mBallstáit áirithe, féach Goessl, S., L., ‘From question of fact to question of law to question of private international law: the question whether a person is male, female, or...?’, *Journal of Private International Law*, Iml. 12, Uimh. 2, Hart Publishing, Oxford, 2016, lgh. 261 go 280, go háirithe lch. 263, fonóta a ghabhann le leathanach 8. Chun meabhrúchán a fháil ar ghnéithe de dhlí comparáideach, féach breithiúnas ECtHR an 31 Eanáir 2023, *Y v an Fhrainc* (CE:ECHR:2023:0131JUD007688817, § 37). Maidir leis an gcinneadh nach bhfuil aon chomhthoil Eorpach ann maidir leis an ábhar, féach § 90 den bhreithiúnas sin.

⁵⁶ Féach, chuige sin, Guez, P., op. cit., go háirithe lch. 135. Féach freisin, tráchtas maidir le féinchinntiúchán ó thaobh inscne de sa dlí idirnáisiúnta príobháideach, Schulz, A., *Geschlechtliche Selbstbestimmung im Internationalen Privatrecht*, Mohr Siebeck, Tübingen, 2024, lch. 222.

⁵⁷ Voir Župan, M., agus Drventić, M., ‘Gender Issues in Private International Law’, *Gender Perspectives in Private Law*, Springer, Cham, 2023, lgh. 1 go 28, go háirithe lch. 10.

⁵⁸ Féach, mar shampla, sloinnnte Polannacha atá i bhfoirm aidiachta a bhfuil iarmhíreanna sonracha acu (amhail -ski, -cki, -dzki) agus atá baininscneach sa Pholainnis. Mar sin, déantar ainm duine bhaininn a thaifeadadh le hiarmhír a chríochnaíonn le ‘a’ in ionad ‘i’. Féach, chuige sin, <https://rjp.pan.pl/dzialno-rady-w-zwizku-z-ustaw-o-jzyku-polskim?view=article&id=114:nazwiska-kobiet&catid=48>

⁵⁹ Féach breithiúnas *Bogendorff* (mír 35).

71. Thairis sin, tá réiteach den sórt sin comhsheasmhach le cásdlí socair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, bunaithe ar Airteagal 8 de ECHR agus a bhaineann le féiniúlacht inscne a urramú.⁶⁰

72. Cé nár thug an Chúirt seo rialú riamh i gcásanna a bhaineann le haitheantas cinntí maidir le hathrú ainm nó inscne,⁶¹ d'athdhearbhaigh sí, roinnt uaireanta, go bhfuil oibleagáid dhearfach ar an Stát an saol príobháideach nó saol an teaghligh a urramú trí bhearta a ghlacadh chun an t-athrú ar shloinne nó ar chéadainm⁶² agus ar fhéiniúlacht inscne⁶³ araon a aithint agus chun iarmhairtí an athraithe sin a bhaint amach in ábhair a bhaineann le stádas sibhialta.

73. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin go gcuireann 25 as 27 mBallstát nósanna imeachta ar fáil chun stádas sibhialta a athrú d'fhonn céannacht dhlíthiúil na breithe a athrú mar gheall ar éifeacht rogha aonair a bhaineann le hinscne,⁶⁴ rud lena dtreisiítear ábharthacht an réitigh atá beartaithe ar bhonn na bprionsabal a leagtar amach i mír 70 thuas, de réir analaí leis an gcásdlí maidir le hainmneacha.

⁶⁰ Maidir leis an gceart atá ag gach duine sonraí a bhféiniúlachta a leagan síos lena n-aithnítear a n-athrú inscne go dlíthiúil, féach, go háirithe, breithiúnais ECtHR an 11 Iúil 2002, *Christine Goodwin v an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:2002:0711JUD002895795, § 71 go 93), agus an 23 Bealtaine 2006, *Grant v an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:2006:0523JUD003257003, § 39 go 44). I mbreithiúnas an 17 Feabhra 2022, *Y v an Pholainn* (CE:ECHR:2022:0217JUD007413114, § 76), mheabhraigh an ECtHR, de pháirt amháin, go bhfuil corrlach áirithe breithmheasa ann maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide dearfaí atá orthu de bhun Airteagal 8 ECHR. Ní mór roinnt tosca a chur san áireamh chun méid an chorrigh a chinneadh. Ar an taobh eile, i gcomhthéacs an 'tsaol phríobháidigh', mheas an Chúirt, agus tagairt á déanamh aici do bhreithiúnais an 11 Iúil 2022, *Christine Goodwin v an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:2002:0711JUD002895795, § 90), agus an 16 Iúil 2014, *Hämäläinen v an Fhionlainn* (CE:ECHR:2014:0716JUD003735909, § 67), i gcás ina bhfuil gné thábhachtach áirithe de bheithsine nó d'fhéiniúlacht duine i mbaol, cuirfear srian ar an gcorrlach a cheadaítear don Stát. Féach, le haghaidh cur i láthair mionsonraithe ar chásdlí ECtHR an 31 Lúnasa 2023, Treoir maidir le cásdlí an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine – Cearta na ndaoine LGBTI (atá ar fáil ag an seoladh idirlín seo a leanas: https://ks.echr.coe.int/documents/d/echr-ks/guide_lgbti_rights_fre), ina bhfuil Cuid II(B)(1)(b) ann dar teideal 'Aitheantas inscne (i.e. athrú ar an marcóir gnéis ar dhoiciméid dhlíthiúla)' agus le haghaidh nochtadh croineolaíoch ar chásdlí ECtHR i mí Eanáir 2023, bileog eolais ón Aonad Preasa, dar teideal 'Saincheisteanna aitheantais inscne' (atá ar fáil ag an seoladh idirlín seo a leanas: https://www.echr.coe.int/documents/d/echr/FS_Gender_identity_FRA).

⁶¹ Chun anailís a fháil ar na coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith glactha ar bhonn Airteagal 8 ECHR d'fhonn aitheantas a thabhairt do stádas a fhorghníomhú go dlíthiúil thar lear, Pfeiff, S., 'Existe-t-il un droit fondamental à la permanence transfrontière des éléments du statut personnel et familial?', in Jafferli, R. et al., *Liber amicorum Nadine Watté*, Bruylant, an Bhruiséil, 2017, lgh. 461 go 485, go háirithe lch. 471 et seq., míreanna 7 et seq.

⁶² Féach meabhriúchán den chásdlí sa Treoir maidir le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine – An ceart chun an saol príobháideach agus an saol teaghligh agus an áit chónaithe agus an comhfhreagras a urramú, arna nuashonrú an 31 Lúnasa 2022, atá ar fáil ag an seoladh idirlín seo a leanas: https://www.echr.coe.int/documents/d/echr/Guide_Art_8_FRA (míreanna 271 agus 272). Maidir le hathrú céadainm mar chuid de phróiseas athraithe inscne, féach breithiúnas ECtHR an 11 Deireadh Fómhair 2018, *S.V. v Italie* (CE:ECHR:2018:1011JUD005521608, § 70 go 75).

⁶³ Féach, go háirithe, breithiúnas *X agus Y v an Rómáin* (§ 146 go 148). Le haghaidh cur i láthair mionsonraithe ar chásdlí ECtHR an 31 Lúnasa 2023 maidir leis na hoibleagáidí diúltacha agus dearfacha atá ar na Ballstáit, chomh maith lena gcorrlach breithmheasa, féach an Treoir dá dtagraítear san fhonóta ar leathanach 60 den Tuairim seo, Cuid II(A)(2) agus (3), míreanna 43 go 54. Maidir le haitheantas dlíthiúil a thabhairt d'inscne daoine idirghnéasacha, féach breithiúnas ECtHR an 31 Eanáir 2023, *Y v an Fhrainc* (CE:ECHR:2023:0131JUD007688817).

⁶⁴ Féach doiciméad dar teideal 'Carte des droits Trans, Europe et Asie centrale 2023' arna fhoilsiú ag eagraíocht neamhrialtasach Transgender Europe (atá ar fáil ag an seoladh idirlín seo a leanas: <https://transrightsmap.tgeu.org/home/>) le haghaidh nuashonrú ar an eolas a dhiorthaítear ó bhreithiúnas *X agus Y v an Rómáin* (§ 84 et seq.). In dhá Bhallstát (an Bhulgáir agus an Ungáir), ní féidir féiniúlacht inscne a aithint. Maidir leis an Stát réamhluaite, féach cás *Deldits* (C-247/23) atá ar feitheamh faoi láthair. I dTuarascáil na Stiúrthóireachta Ginearálta um Cheartas agus Tomhaltóirí de chuid an Choimisiúin dá dtagraítear san fhonóta ar leathanach 4 den Tuairim seo, lch. 7, nochtar go ndéanann na Ballstáit a bhfuil a nósanna imeachta bunaithe ar an bhféinchinntiúchán (féach fonóta 70 den Tuairim seo le haghaidh liosta nuashonraithe de na Stáit sin) na Yogyakarta Principles (na prionsabail Yogyakarta) a urramú go hiomlán agus 10 (Prionsabail bhreise agus oibleagáidí breise na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine maidir le Claonadh Gnéisach, Féiniúlacht Inscne, Léiríú Inscne agus Saintréithe Gnéis chun na Prionsabail Yogyakarta a chomhlánú), arna nglacadh i mí na Samhna 2017 (féach <https://yogyakartaprinciples.org/introduction-pj10/>). Rinneadh tagairt do na prionsabail sin, ina leagan arna ghlacadh in 2007, i mbreithiúnas an 25 Eanáir 2018, *F* (C-473/16, EU:C:2018:36, mír 62); Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wahl i gcás *F* (C-473/16, EU:C:2017:739, fonóta ar leathanach 21) agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston i gCásanna Uamtha *A agus páirtithe eile* (C-148/13 go C-150/13, EU:C:2014:2111, fonóta ar leathanach 47) nó i gCásanna Uamtha *X agus páirtithe eile* (C-199/12 go C-201/12, EU:C:2013:474, fonóta ar leathanach 28).

74. Ba mhaith liom a rá freisin nach bhfuil an t-easpa reachtaíochta i mBallstát a bhaineann le dearbhuithe maidir le hathrú inscne ina bhac de bhun Airteagal 21 CFAE, mar thoradh ar an oibleagáid dhearfach a nochtar i gcásdlí ECtHR⁶⁵ agus an analach is féidir a bhaint as breithiúnas *Grunkin agus Paul*. Sa chinneadh sin, rialaigh an Chúirt ar aitheantas ar shloinne linbh a bhí comhdhéanta de shloinnthe a mháthar agus a hathrach, toisc nár foráladh le dlí na Gearmáine do shloinnthe dúbailte mar sin.⁶⁶

75. Ar deireadh, maidir leis na boinn chirt atá ann le haghaidh saorghluaiseacht a shrianadh, arna scrúdú ag an gCúirt, thug sí cinneadh, go háirithe, maidir le cosc a chur ar theacht timpeall ar dhlí náisiúnta maidir le stádas daoine i gcás ina ndéantar athrú saorálach ar an ainm, trí shaorghluaiseacht agus na cearta a eascraíonn as sin a fheidhmiú. Sa chás sin, mheabhraigh an Chúirt, i mír 24 de bhreithiúnas an 9 Márta 1999, *Centros*,⁶⁷ gur chinn an Chúirt cheana féin go bhfuil Ballstát i dteideal bearta a ghlacadh atá ceaptha chun cosc a chur ar náisiúnaigh áirithe iarracht a dhéanamh a reachtaíocht náisiúnta a sheachaint go míchuí ar bhonn na n-áiseanna a cruthaíodh faoin gConradh agus nach féidir le daoine aonair brath go míchuí ná go calaoiseach ar fhorálacha dhlí an Aontais.⁶⁸

76. I ndáil leis sin, in ábhair a bhaineann le féiniúlacht inscne a aithint, is gá breithniú a dhéanamh ar an gcaoi gur lú an comhdhlúthú atá ag baint le reachtaíocht na mBallstát faoi láthair, i gcomparáid leis an reachtaíocht um athrú ainm an tráth a thug an Chúirt a rialú.⁶⁹ Tá nósanna imeachta féinchinntiúcháin ag roinnt Ballstát,⁷⁰ cé gur leasaíodh nó gur cuireadh deireadh leis, i bhfianaise chásdlí an ECtHR,⁷¹ na riachtanais chruthúnais i mBallstáit eile.⁷²

77. Mar sin féin, ní féidir glacadh le forais thromchúiseacha maidir le neamhaithint an athraithe sin mar thoradh ar éagsúlacht na gceart substainteach is infheidhme i gcás athrú inscne.⁷³ Ós rud é nach mór éifeacht a thabhairt do na cearta saoránachta, tugann an éagsúlacht sin údar d'fhaireachán feabhsaithe ar na coinníollacha faoina bhfeidhmítear na cearta sin d'fhonn mí-úsáid a sheachaint.

⁶⁵ Féach mír 72 den Tuairim seo.

⁶⁶ Féach mír 7 den bhreithiúnas sin.

⁶⁷ C-212/97, EU:C:1999:126.

⁶⁸ Féach breithiúnas *Bogendorff* (mír 57).

⁶⁹ Féach, go háirithe, breithiúnas *Garcia Avello* (míreanna 42 agus 44).

⁷⁰ Faoi láthair, is amhlaidh atá sna Ballstáit seo a leanas: an Bheilg, an Danmhairg, Éire, an Spáinn, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil agus an Fhionlainn. Féach an léarscáil dá dtagraítear ag deireadh leathanach 64 den Tuairim seo. Féach, maidir le hathchóiriú reachtach na Beilge in 2017, Gallus, N., op. cit, go háirithe lch. 258. Féach freisin, sa Ghearmáin, dréacht-Bhille 'SBGG' [Gesetz über die Selbstbestimmung in Bezug auf den Geschlechtseintrag und zur Änderung weiterer Vorschriften (Dlí um fhéinchinntiúchán maidir le marcóir inscne agus lena leasaítear forálacha eile)], atá beartaithe a chur in ionad an Gesetze über die Änderung von Vornamen und die Feststellung der Geschlechtszugehörigkeit in besonderen Fällen (Transsexuellengesetz – TSG) (Dlí maidir le hathrú céadainm agus maidir le hinscne a shuíomh i gcásanna sonracha – dlí maidir le trasghnéasacha) an 10 Meán Fómhair 1980, a bhfuil plé á dhéanamh ina leith faoi láthair sa Bundestag (Tionól Cónaidhme na Gearmáine). Meastar go dtiocfaidh an dlí sin i bhfeidhm i mí na Samhna 2024. Féach https://www.bmj.de/SharedDocs/Gesetzgebungsverfahren/DE/2023_Selbstbestimmung.html?nn=17592.

⁷¹ Chinn ECtHR gurb ionann diúltú iarratais na ndaoine trasinscneacha ar athrú ar a stádas sibhialta, ar an bhforas nár chuir siad cruthúnas ar fáil gur do-athraithe é an t-athrú a rinneadh ar a gcuma, is é sin le rá, nár éirigh leo a thaispeáint gur rinneadh obráid aimridithe nó cóir leighis orthu as a n-eascraíonn dóchúlacht an-ard aimride, agus mainneachtain an Stáit is freagróir a oibleagáid dhearfach chun ceart na ndaoine trasinscneacha ar urraim dá saol príobháideach a ráthú (féach breithiúnas an 6 Aibreán 2017, *A.P., Garçon agus Nicot v an Fhrainc* (CE:ECHR:2017:0406JUD007988512, § 135)).

⁷² Féach freisin na moltaí arna n-eisiúint ag na comhlachtaí idirnáisiúnta a iarrann ar na Stáit nósanna imeachta a ghlacadh i dtaca le hathrú ainm agus inscne i doiciméid oifigiúla ar bhealach tapa, trédhearcach agus inrochtana, arna meabhrú i mbreithiúnas *X agus Y v an Rómáin* (§ 153). Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis na dlíthe náisiúnta, féach an cárta dá dtagraítear san fhonóta ar leathanach 64 den Tuairim seo.

⁷³ Féach, chuige sin, mír 55 den Tuairim seo.

78. Dá bhrí sin, faoi mar a beartaíodh le linn na héisteachta, feictear dom gur cheart, d'fhonn cosc a chur ar an riosca mí-úsáide, coinníollacha cónaithe nó náisiúntachta a chur i bhfeidhm⁷⁴ chun a chinneadh an ann do naisc láidre leis an mBallstát ina bhfuil a leithéid d'athrú tar éis tarlú.⁷⁵

79. Maidir le cur i bhfeidhm na bprionsabal a leagtar amach thuas, tugaim faoi deara gurb é an t-aon údar atá leis an diúltú an t-athrú inscne a aithint agus a iontráil i ndiaidh dearbhú féiniúlachta inscne sa teastas breithe atá i gceist, mar a míníodh san iarraidh ar réamhrialú,⁷⁶ ná gurb ann do bhunús dlí eile maidir le hathrú inscne a fháil sa Rómáin.

80. Mar a thug an chúirt a rinne an tarchur dá haire, léirítear leis an mbreithiúnas in *X agus Y v an Rómáin*⁷⁷ nach féidir an nós imeachta náisiúnta sin a mheas mar bheith comhoiriúnach le dlí an Aontais, ós rud é go bhfágann sé go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair na cearta a thugtar le hAirteagal 21 CFAE a chur i bhfeidhm.⁷⁸

81. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Chúirt a mheas, i bhfianaise imthosca an cháis sna príomhimeachtaí, amhail sna breithiúnais roimhe seo maidir le hainm saoránaigh de chuid an Aontais, gurb ionann an diúltú ó údarais na Rómáine an fhéiniúlacht inscne a fuarthas sa Ríocht Aontaithe a aithint, tráth a raibh dlí an Aontais Eorpaigh fós infheidhme, agus srian gan údar ar na saoirsá a aithnítear le hAirteagal 21 CFAE agus atá ag gach saoránach de chuid an Aontais.

82. Mar dhara céim den anailís, agus measúnú á dhéanamh ar bhrí ghinearálta cinnidh den chineál sin, ar na boinn chéanna le cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le hainmneacha, ardaítear ceisteanna faoi na teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar na héifeachtaí áirithe ó thaobh stádas pearsanta de a bhaineann le sonraí inscne sa teastas breithe.

(b) Teorainneacha ar thrasuí an chásdlí maidir le hainmneacha?

83. Tá éifeachtaí áirithe ag na sonraí inscne sa teastas breithe ó thaobh stádas pearsanta de. Céard iad na hiarmhairtí atá ann, más iomchuí, i bhfianaise na gcinntí arna nglacadh ag an gCúirt Bhreithiúnais le déanaí maidir leis na coinníollacha faoinar cheart go mbeadh tionchar ag doiciméid stádais shibhialta de thionscnamh Ballstáit amháin i mBallstát eile, eadhon na breithiúnais in *Coman agus páirtithe eile agus Pancharevo*?

⁷⁴ Féach, chuige sin, breithiúnas *Freitag* (mír 46).

⁷⁵ Féach, chuige sin, Jault-Seseke, F agus Pataut, E., op. cit. Tugann na húdair sin barúlacha maidir le breithiúnais *Bogendorff agus Freitag* (lgh. 373 go 376) agus molann siad dhá chineál athbhreithnithe: ceann amháin ar naisc láidre a bheith ann (lch. 381) agus ceann eile ar bheartas poiblí agus ar mhí-úsáid ceart (lch. 383). Féach freisin, Wautelet, P., 'L'abus de droit comme limite à la circulation des personnes et de leur statut dans un monde globalisé', *La circulation des personnes et de leur statut dans un monde globalisé*, LexisNexis, Páras, 2019, lgh. 293 go 305, go háirithe lgh. 295 agus 296, agus lgh. 302 go 304 chomh maith. Féach, ar deireadh, Hammje, P., 'Reconnaissance par un État membre du nom patronymique acquis par l'un de ses nationaux auprès d'un autre État membre dont il a aussi la nationalité', *Revue critique de droit international privé*, Uimh. 4, Dalloz, Páras, 2017, lgh. 549 go 559, go háirithe lgh. 558 agus 559, mír 20. Féach freisin, rún de chuid Institiúid an Dlí Idirnáisiúnta dar teideal 'Droits de la personne humaine et droit international privé' (atá ar fáil atá ar fáil ag an seoladh idirlín seo a leanas: https://www.idi-iil.org/app/uploads/2021/09/2021_online_04_en.pdf) Foilsíodh an leagan Fraincise den rún sin in *Revue critique de droit international privé*, Uimh. 4, 2021, lch. 939), Airteagal 10, a luaigh Kohler, C., 'Status und Mobilität in der Europäischen Union', *Praxis des Internationalen Privat- und Verfahrensrechts (IPRax)*, Giesecking, Bielefeld, Uimh. 3, 2022, lgh. 226 go 231, go háirithe lch. 230 et seq, údar a luann Schulz, A., op. cit.

⁷⁶ Féach, mar chomparáid maidir le sloinnte, breithiúnas *Bogendorff* (míreanna 48 et seq.).

⁷⁷ Chinn ECtHR nach raibh 'creat dlíthiúil na Rómáine soiléir ó thaobh aitheantas dlíthiúil a thabhairt d'inscne agus, mar sin, go raibh sé "intuartha"' (§ 157).

⁷⁸ Féach, maidir le prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta a luaigh an Chúirt maidir le hathruithe ainm, breithiúnas *Freitag* (míreanna 41 agus 42).

(1) *Maidir leis na héifeachtaí sonracha atá ag sonraí inscne ar an stádas pearsanta*

84. Maidir le stádas pearsanta, tá éifeachtaí ag an dearbhú um fhéiniúlacht inscne nach bhfuil ag an sloinne. D'fhéadfadh sé go mbeadh toradh iarmhartach ag athrú ainm ar ainm na ndaoine ar seachadadh dóibh nó a roghnaigh an t-ainm sin.⁷⁹ Mar sin féin, i gcomparáid leis sin, ní féidir breathnú ar an dearbhú um fhéiniúlacht inscne mar léiriú intinne atá teoranta d'fhéiniúlacht an duine lena mbaineann.

85. Leis an dearbhú sin, déantar stádas pearsanta agus stádas teaghlaigh an duine lena mbaineann a leasú. Mar sin, bíonn tionchar aige ar fheidhmiú ceart atá fós comhghaolaithe leis an difríocht idir na hinscní (pósadh, tuismíocht, scoir,⁸⁰ sláinte, comórtais spóirt, etc.).

86. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil údar maith le doiciméid stádais sibhialta a nuashonrú d'fhonn chuspóir na cearta a ghabhann le saorghluaiseacht an tsaoránaigh lena mbaineann agus a bhail teaghlaigh⁸¹ a ráthú, tá sé ríthábhachtach breithniú a dhéanamh, mar atá i gcás athrú céadainm,⁸² ar na héifeachtaí slabhracha a bhaineann le clárú den sórt sin ar dhearbhú féiniúlachta inscne a aithnítear i mBallstát amháin ar dhoiciméid eile maidir le stádas sibhialta, amhail deimhnithe pósta nó teastais breithe leanaí, a tarraingíodh suas roimh dhearbhú den sórt sin⁸³ sa Bhallstát céanna nó i mBallstáit eile, mar a léirítear sna breithiúnais in *Coman agus páirtithe eile agus Pancharevo*.

(2) *Na héifeachtaí a bhaineann go sonracha le haithint agus iontráil i gcláir stádais sibhialta an dearbhaithe féiniúlachta inscne a fuarthas i mBallstát eile*

87. Tuigim ó bhreithiúnais *Coman agus páirtithe eile* agus *Pancharevo* gur éirigh leis an gCúirt comhlíonadh an phrionsabail ar dá réir nach mbaineann dlí an Aontais ó inniúlacht na mBallstát ó thaobh sonraí, ar sonraí iad lena bhféadfadh aitheantas a thabhairt d'institiúid an phósta comhghnéis nó do ghaol idir tuismitheoir agus leanbh arna bhunú ag beirt tuismitheoirí comhghnéis, a chlárú i stádas sibhialta a áirithiú. Sa chás deireanach sin, meabhraíodh go soiléir nach raibh oibleagáid ar na Ballstáit in ábhair a bhaineann le stádas sibhialta.⁸⁴

88. Dá bhrí sin, táim den tuairim nach mór an cheist maidir le héifeachtaí an aitheantais i mBallstát amháin do ghníomhartha nó do chinntí a bhaineann le sonraí inscne atá bunaithe i mBallstát eile a mheas ó thaobh eile ón taobh a dtugann an Chúirt aghaidh air in ábhair ainm.⁸⁵

⁷⁹ Féach breithiúnas *Bogendorff* (mír 46).

⁸⁰ Féach, go háirithe, breithiúnas an 26 Meitheamh 2018, *MB (Athrú inscne agus pinsean scoir)* (C-451/16, EU:C:2018:492).

⁸¹ Féach, chuige sin, breithiúnas *Bogendorff* (míreanna 35 agus 46).

⁸² Féach mír 62 den Tuairim seo.

⁸³ Ní gá aghaidh a thabhairt anseo ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an dearbhú féiniúlachta inscne ar an stádas sibhialta amach anseo, rud a thagann faoi inniúlacht na mBallstát, faoi réir chomhlíonadh dhlí an Aontais. Rialaigh ECtHR maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 12 de ECHR maidir le daoine trasghnéasacha ar mian leo pósadh. Féach breithiúnas an 11 Iúil 2002, *Christine Goodwin v an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:2002:0711JUD002895795, § 103), maidir le pósadh le duine den ghnéas eile ón ngnéas nua-shannta. I mbreithiúnas an 24 Meitheamh 2010, *Schalk agus Kopf v an Ostair* (CE:ECHR:2010:0624JUD003014104, § 61 agus 63), chinn ECtHR, agus Airteagal 9 den Chairt á chur san áireamh aici, nach bhféadfadh sí a mheas gur cheart, i ngach cás, an ceart chun pósadh a theorannú do phósadh idir beirt den inscne eile. Chinn an Chúirt nár cuireadh d'oibleagáid, le hAirteagal 12 ECHR, ar na Stáit Chonarthaacha pósadh a chur ar fáil do lánúineacha comhghnéis. Maidir leis na sonraí a chuirtear sna cláir stádais sibhialta maidir le leanbh ar ina leith a liostaítear duine trasinscneach mar dhuine de na daoine a bhfuil stádas tuismitheora aige, agus maidir le lánrogha leathan na Stát i ndáil leis sin, féach breithiúnas an 4 Aibreán 2023, *O.H. agus G.H. v an Ghearmáin* (CE:ECHR:2023:0404JUD005356818, § 114 agus 116).

⁸⁴ Féach breithiúnas *Pancharevo* (mír 45).

⁸⁵ Féach, chuige sin, Schulz, A., op. cit., lch. 226.

89. I mbreithiúnas *Coman agus páirtithe eile*, cé gur chinn an Chúirt go raibh sé de cheangal ar Bhallstát *aitheantas a thabhairt do phósadh* comhghnéis a tugadh i gcrích i mBallstát eile i gcomhréir le dlí an Stáit sin, shonraigh sí nach mór an pósadh sin a aithint *chun ceart cónaithe díorthaithe a dheonú do náisiúnach tríú tír, agus chun na críche sin amháin*, ach tugtar le fios leis an oibleagáid aitheantais sin nach mór don Bhallstát sin foráil a dhéanamh, ina dhlí náisiúnta, d'institiúid an phósta comhghnéis.⁸⁶

90. I mbreithiúnas chás *Pancharevo*, chinn an Chúirt go bhfuil sé d'oibleagáid ar na húdaráis *cárta aitheantais nó pas a eisiúint dá náisiúnach ar bhonn teastas breithe* arna tharraingt suas i mBallstát eile, gan beann ar cé acu a tarraingíodh nó nár tarraingíodh teastas breithe nua suas i gclár náisiúnta, toisc nach mór aitheantas a thabhairt don chéad doiciméad.⁸⁷

91. Sa dá bhreithiúnas sin, bhí cinneadh na Cúirte i gcomhréir lena cásdlí socair maidir leis na héifeachtaí trasteorann a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar shloinne bronnta nó roghnaithe. Rinne an Chúirt inniúlacht na mBallstát maidir le stádas na ndaoine⁸⁸ agus an oibleagáid na cearta faoi Airteagal 21 CFAE a choimirciú, rud a fhágann go mbíonn sé riachtanach aitheantas a thabhairt do phósadh comhghnéis⁸⁹ nó don ghaol idir tuismitheoirí agus leanbh maidir le tuismitheoirí comhghnéis, atá cláraithe i mBallstát eile.⁹⁰ Sa chás deireanach sin, bunaíodh leis an doiciméad stádais shibhialta go raibh gaol ann idir na tuismitheoirí agus an leanbh d'fhonn doiciméad taistil a eisiúint ag Ballstát eile dá náisiúnaigh agus chun na críche sin amháin,⁹¹ gan difear a dhéanamh do Chláir Stádais Shibhialta an Bhallstáit sin.

92. Dá bharr sin, i bhfianaise na mbreithiúnas sin, ní mór, i mo thuairimse, teorainneacha áirithe a leagan síos leis an réiteach atá le glacadh i ndáil le hathrú inscne a aithint agus a iontráil i gclár stádais shibhialta tar éis dearbhú a bhaineann le féiniúlacht inscne a fuarthas i mBallstát eile, bunaithe ar an dériachtanas maidir le neamhspleáchas pearsanta⁹² agus saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais.⁹³

93. Is éard a bheadh i gceist leis an réiteach sin srian a chur leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit taifead a dhéanamh do shonraí aitheantais an duine de réir na hinscne ab ansa leo ar *a dteastas breithe amháin* i gcás inar dóchúil go mbeadh tionchar aige ar dhoiciméid stádais shibhialta eile. I dtéarmaí ginearálta, leis an bhfreagra a thug an Chúirt ar an gcúirt a rinne an tarchur, cuirfí srian

⁸⁶ Féach mír 45 den bhreithiúnas sin.

⁸⁷ Féach míreanna 45 agus 50 den bhreithiúnas sin. Ba cheart a mheabhrú, gur bhain an cás as ar eascair an breithiúnas sin le teastas breithe arna eisiúint sa Bhulgáir d'fhonn doiciméad aitheantais de chuid na Bulgáire a eisiúint, bunaithe ar 's[h]liocht ó chlár sibhialta Barcelona (an Spáinn) maidir le teastas breithe an [linbh lena mbaineann]'. (féach mír 20 den bhreithiúnas sin).

⁸⁸ Féach breithiúnas *Coman agus páirtithe eile* (mír 37) agus *Pancharevo* (mír 52).

⁸⁹ Féach breithiúnas *Coman agus páirtithe eile* (mír 40).

⁹⁰ Féach breithiúnas *Pancharevo* (míreanna 49 agus 52).

⁹¹ Féach breithiúnas *Pancharevo* (míreanna 48 go 50).

⁹² Chinn ECtHR go háirithe i mbreithiúnas an 12 Meitheamh 2003, *Van Kück v an Ghearmáin* (CE:ECHR:2003:0612JUD003596897, § 69), 'cé nár suíodh in aon chás roimhe seo go n-áirítear ceart féinchinntiúcháin le hAirteagal 8 [ECHR], measann (sí) go léiríonn coincheap an neamhspleáchais phearsanta prionsabal tábhachtach atá mar bhunús leis na ráthaíochtaí a thugtar faoi Airteagal 8'. Maidir le forbairt mhodhanna níos traidisiúnta tharchur an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh, féach, go háirithe, na tagairtí in Schulz, A., op. cit., lch. 213, fonóta ar leathanach 13.

⁹³ Maidir leis an togra le haghaidh aitheantas a thabhairt do stádas pearsanta arb é is cuspóir dó ceart an duine aonair chun buaine a stádais a chosaint agus feidhmiú éifeachtach a shaorghluaiseacht a áirithiú, féach Pfeiff, S., *La portabilité du statut personnel dans l'espace européen: de l'émergence d'un droit fondamental à l'élaboration d'une méthode européenne de la reconnaissance*, Bruylant, an Bhrúisil, 2017, go háirithe mír 354 (lch. 351). Maidir le haitheantas a thabhairt do staideanna dlíthiúla a eascraíonn ón dlí príomha, féach Hübner, L., 'Die Integration der primärrechtlichen Anerkennungsmethode in das IPR', *Rabels Zeitschrift für ausländisches und internationales Privatrecht (RabelsZ)*, Iml. 85, Uimh. 1, Mohr Siebeck, Tübingen, 2021, lgh. 106 go 145, go háirithe 114, a luann Schulz, A., op. cit. Féach freisin, maidir leis an díospóireacht idirnáisiúnta maidir leis an easpa imscrúdaithe i bhfianaise na rialacha maidir le heasaontacht dlíthe, Kohler, C., op. cit., go háirithe lch. 230.

ar na héifeachtaí *stádais shibhialta* a d'fhéadfadh a bheith ag na prionsabail a dhíorthaítear ó Airteagal 21 CFAE *ar shonraí aitheantais an duine lena mbaineann*⁹⁴ a úsáidtear go háirithe chun gluaiseacht laistigh de chríoch an Aontais, eadhon d'fhonn cárta aitheantais nó pas a eisiúint.⁹⁵

94. I gcás an réitigh sin, chiallódh sé nach mbeadh sé riachtanach nuashonrú a dhéanamh ar dhoiciméid stádais shibhialta a bhaineann le teaghlach an duine lena mbaineann, faoi dhlí an Aontais, sa mhéid go mbeadh sé i gceist leis sin aitheantas a thabhairt ina dhiaidh sin sna cláir stádais shibhialta do dhaoine den ghnéas céanna⁹⁶ nó do ghaoil idir tuismitheoirí agus leanbh arna mbunú maidir le tuismitheoirí comhghnéis,⁹⁷ nach féidir a chur i bhfeidhm i mBallstáit i gcomhréir le dlí an Aontais.

95. Chuige sin, d'fhéadfaí an mí-ailíniú idir doiciméid stádais shibhialta daoine de lánúin nó den teaghlach céanna, bunaithe ar Airteagal 21 CFAE, atá leagtha amach ag an gCúirt Bhreithiúnais cheana féin, a ghlacadh sa chaoi nach mbeadh tionchar ag an dearbhú féiniúlachta inscne ar na sonraí arna nglacadh ó na doiciméid stádais shibhialta atá ann cheana féin, ach amháin nuair a eisiatar cárta aitheantais, cead cónaithe nó pas, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte sna breithiúnais *Coman agus páirtithe eile* agus *Pancharevo*.

96. Is cinnte nach bhfuil an réiteach sin sásúil i bhfianaise an chirt urramú ar shaol an teaghlaigh agus leas an linbh, ós rud é nach mór don duine trasinscneach a bheith in ann a naisc theaghlaigh arna mbunú le doiciméid stádais shibhialta a chruthú. Táim den tuairim, cé gur féidir éisiúint na ndoiciméad riarachán a dhícheangal ó thaifid stádais shibhialta d'fhonn an chríoch a bhfuil an saoránach ina náisiúnach di a fhágáil, nach gcomhlíontar leis sin an ceanglas maidir le saol gan constaicí riaracháin i gcás ina bhfillfidh sé.⁹⁸

97. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil aitheantas i mBallstát amháin d'athrú a bhaineann le féiniúlacht saoránaigh den Aontas a fuarthas i mBallstát eile bunaithe ar Airteagal 21 CFAE, is iad na Ballstáit amháin atá inniúil chun na hiarmhairtí a shainiú ó thaobh stádas na ndaoine de a thiocfadh as comhtháthú na ndoiciméad stádais shibhialta uile.⁹⁹

⁹⁴ I ndáil leis sin, aontaím le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston i gCás *Grunkin agus Paul* (C-353/06, EU:C:2008:246, mír 93).

⁹⁵ Maidir le reachtaíocht ábhartha na Rómáine, chinn an Chúirt, i mbreithiúnas an 22 Feabhra 2024, *Directia pentru Evidența Persoanelor și Administrarea Bazelor de Date* (C-491/21, EU:C:2024:143) go bhfuil sé d'obleagáid ar na Ballstáit cárta aitheantais a fheidhmiú mar dhoiciméad taistil a eisiúint dá saoránaigh, fiú má tá buanchónaí orthu i mBallstát eile.

⁹⁶ Maidir leis an gceist faoi dheimhniú pósta comhghnéis, arna eisiúint i mBallstát amháin, a thras-scríobh i gcláir stádais shibhialta Ballstáit eile nach n-aithníonn pósadh den sórt sin, féach an iarraidh ar réamhrialú i gCás *Wojewoda Mazowiecki* (C-713/23), atá ar feitheamh faoi láthair. Féach freisin breithiúnas an 16 Iúil 2014, *Hämäläinen v an Fhionlainn* (CE:ECHR:2014:0716JUD003735909, § 64, 79 agus 87) inar chinn ECtHR go gciallaíonn an oibleagáid féiniúlacht thrasinscneach a aithint, go bhfuil ar an bPáirtí Stáit 'nós imeachta éifeachtach agus so-aimsithe, atá iomchuí chun ligean don iarratasóir aitheantas a fháil dá inscne nua agus ag an am céanna cúing an phósta a choimeád', ach ní áirítear pósadh comhghnéis leis sin.

⁹⁷ Féach, maidir leis na hiarmhairtí indíreacha sin, Eekelaar, J. 'The Law, Gender and Truth', *Human Rights Law Review*, Iml. 20, Uimh. 4, Nottingham University Press, Nottingham, 2020, lgh. 797 go 809, go háirithe lch. 799. Féach freisin, Kohler, C., op. cit, go háirithe lch. 230 et seq.

⁹⁸ Féach tuarascáil na Stiúrthóireachta Ginearálta um Cheartas agus Tomhaltóirí de chuid an Choimisiúin dá tagraítear san fhonóta ar leathanach 4 den Tuairim seo, go háirithe mír 9.2, lgh. 179 agus 180. Féach freisin, chuige sin, Thienpont, D., agus Willems, G., 'Le droit à la libre circulation des familles homoparentales consacré par la Cour de justice de l'Union européenne', *Revue trimestrielle des droits de l'homme*, Uimh. 132, Nemesis, an Bhruiséil, 2022, lgh. 925 go 959, go háirithe lgh. 948 go 951. Féach, freisin, Rass-Masson, L., 'La reconnaissance face aux incohérences du droit international privé européen de la famille (Coman agus Hamilton)', in d'Avout, L., et al., 'Droit international privé de l'Union européenne (2018)', *Journal du droit international (Clunet)*, LexisNexis, Páras, Deireadh Fómhair 2019, Uimh. 4, Cuntas Uimh. 9, lgh. 1420 go 1424, go háirithe lch. 1421.

⁹⁹ Féach, le haghaidh anailís chomparáideach ar na hiarmhairtí a bhaineann le stádas pearsanta agus na hoibleagáidí comhfhreagracha a aithint arna bhforchur ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ECtHR i ndlí substainteach 16 Bhallstát, Gössel, S., agus Melcher, M., op. cit., go háirithe conclúidí agus moltaí, lch. 1043.

98. Measann ECtHR freisin nach mór na leasanna poiblí a bhaineann le heagrú stádais shibhialta¹⁰⁰ agus le haitheantas féiniúlachta inscne daoine aonair a mheas.¹⁰¹ I ndáil leis an méid sin, ní mór na ceanglais dhifriúla i ngach Ballstát a chur san áireamh.¹⁰²

99. Dá bhrí sin, tá mé den tuairim nach mór Airteagal 21 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar údaráis inniúla Bhallstáit diúltú féiniúlacht inscne a aithint agus a iontráil, gan nós imeachta, *i dteastas breithe* náisiúnaigh den Bhallstát sin, ar féiniúlacht inscne í a fuarthas i mBallstát eile, ar náisiúnach de é chomh maith. Ní féidir údar a thabhairt le diúltú den sórt sin mar thoradh ar nós imeachta a bheith ann faoin dlí náisiúnta maidir le hathrú gnéis nó inscne.

100. I gcomhthéacs an mhéid a leagtar síos thuas maidir le hathruithe céadainm agus inscne a fhaightear i mBallstát eile agus i bhfianaise imthosca an cháis sna príomhimeachtaí, molfaidh mé freagra amháin don Chúirt ar na ceisteanna arna dtarchur ag an gcúirt a rinne an tarchur maidir le stádas sibhialta, ach teoranta do theastas breithe an tsaoránaigh den Aontas lena mbaineann, i dtéarmaí ginearálta, agus arna fhorlíonadh le soiléiriú ar an easpa tionchair atá ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

V. Conclúid

101. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, molaim go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú ag Judecătoria Sectorului 6 București (Cúirt Chéadchéime an Séú Ceantar de Bhúcairist, an Rómáin) a fhreagairt mar a leanas:

- 1) Maidir le hAirteagal 21 CFAE agus Airteagail 7 agus 45 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar údaráis Bhallstáit diúltú aitheantas a thabhairt do chéadainm agus d'fhéiniúlacht inscne agus iad a iontráil i dteastas breithe an náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit sin, a dearbhaíodh agus a fuarthas go dleathach i mBallstát eile, ar náisiúnach de é chomh maith.

Níor cheart go mbeadh nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin le haghaidh athrú gnéis nó inscne a bheith ina mbac ar aitheantas uathoibríoch den sórt sin.

I gcodarsnacht leis sin, ní bhaineann dlí an Aontais ó inniúlacht na mBallstát a rialú ina ndlí náisiúnta ar éifeachtaí an aitheantais agus na hiontrála sin i ndoiciméid stádais shibhialta eile agus maidir le stádas daoine, lena n-áirítear na rialacha maidir le pósadh agus tuismíocht.

- (2) Ní bhaineann sé le hábhar go ndearnadh an iarraidh go ndéanfaí athrú céadainm agus inscne a fuarthas sa Ríocht Aontaithe a aithint agus a iontráil i gclár stádais shibhialta i mBallstát an Aontais tráth nach raibh feidhm ag dlí an Aontais sa Ríocht Aontaithe a thuilleadh.

¹⁰⁰ Féach breithiúnas ECtHR an 4 Aibreán 2023, *O.H. agus G.H. v an Ghearmáin* (CE:ECHR:2023:0404JUD005356818, § 122 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁰¹ Féach breithiúnas ECtHR an 17 Feabhra 2022, *Y v an Pholainn* (CE:ECHR:2022:0217JUD007413114, § 82), agus Gallus, N., op. cit., go háirithe lgh. 250 agus 251.

¹⁰² Féach fonóta 64 den Tuairim seo.